Beartas um Chosaint Sonraí

Ceadaithe ag an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach

Aibreán 2023

Tagairtí beartais

Teideal:	Dréachtbheartas um Chosaint Sonraí 2018	Uimhir Bheartais	1
Údar:	Roisin MacRory		
Úinéireacht:	John McDonagh, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		
Ceadú:	An Fhoireann Ardbhainistíochta		
Dáta Oibriúcháin:	6ú Iúil 2018	Dáta ceadaithe:	1ú Lúnasa 2018
Leagan Uimh.	2.4	Téann in ionad:	Leagan 2.3
Príomhfhocail:	RGCS, Sonraí Pearsanta, Ábhar Sonraí, Próiseáil, Córas Comhdaithe Struchtúrtha, Údarás Maoirseachta, Slándáil Sonraí, Sárú		
Naisc le beartais eile:	Cód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise Ráiteas Beartais um Bhainistíocht Taifead Sceideal Coinneála agus Diúscartha Beartas Úsáide Inghlactha na Teicneolaíochta Faisnéise Polasaí Oibre Cumaisc Polasaí Earcaíochta agus Roghnaithe		

Stair na Leaganacha

Dáta	Leagan	Údar	Tráchtanna
1/5/2011	1.0	Sharon Roulston	Soiléirithe beartais
1/8/2018	2.0	Caroline McCarroll	Léirítear ann reachtaíocht RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí gaolmhara 2018 a achtaíodh in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe
26/10/18	2.1	Caroline McCarroll	Leasú ar an Seicliosta Comhlíonta (Aguisín C) chun an tástáil a léiriú
05/02/20	2.2	Roisin MacRory	Athrú ainm an Oifigigh um Chosaint Sonraí ar fud an Bheartais Tagairtí nuashonraithe Alt 1.5 maidir le suíomh an bheartais arna leasú Nuashonraíodh Aguisín C.
29/01/21	2.3	Roisin MacRory	Nuashonraíodh an reachtaíocht
10/03/23	2.4	Roisin MacRory	Athbhreithniú Polasaithe, mion-nuashonraithe

Clár an Ábhair

1.0 Réamhrá 5

2.0 Cad é an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 6

3.0 Cad is R-Phríobháideachas ann 6

4.0 Cuspóir an Bheartais um Chosaint Sonraí seo 7

5.0 Raon feidhme an bheartais 7

6.0 Freagrachtaí Cosanta Sonraí in Uiscebhealaí Éireann

6.1 Príomhfheidhmeannach 8

6.2 Oifigeach Cosanta Sonraí 8

6.3 Ceann TF 9

6.4 Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Réigiúnacha 9

6.5 Gach Ball Foirne 9

7.0 An dóigh a gcaithfimid comhlíonadh na 6 Phrionsabal um Chosaint Sonraí a léiriú 10

8.0 An dóigh a léirímid dlíthiúlacht gníomhaíochtaí próiseála sonraí 11

9.0 Má bhaintear úsáid as Sonraí Pearsanta chun críocha eile seachas mar a cuireadh in iúl don Ábhar Sonraí ar dtús, ní mór cead a fháil roimh ré 12

10.0 Na coinníollacha is gá chun go n-áirítear Toiliú a bheith bailí 13

11.0 Próiseáil catagóirí speisialta maidir le Sonraí Pearsanta (Sonraí Íogaire) 14

12.0 Ár n-oibleagáidí maidir le Cearta an Ábhair Sonraí 15

12.1 An Ceart go gCuirfí in Iúl 16

12.2 An Ceart chun Sonraí a Rochtain 18

12.3 An Ceart go ndéanfaí Ceartúcháin 18

12.4 An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh 18

12.5 An Ceart go gcuirfí Srian le Próiseáil 19

12.6 An Ceart chun Iniomparthacht Sonraí 20

12.7 An Ceart chun Agóid a dhéanamh 21

12.8 Cearta a bhaineann le cinnteoireacht uathoibrithe lena n-áirítear próifíliú 21

13.0 Ár n-oibleagáidí chun Sonraí Pearsanta a dhaingniú 22

14.0 Caithfidh conraitheoirí seirbhíse RGCS a chomhlíonadh 23

15.0 Comhroinnt Sonraí 25

16.0 Ár n-oibleagáidí chun Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí a dhéanamh 26

17.0 Oiliúint 28

18.0 Tuairisciú ar Theagmhais 29

19.0 An dóigh chun Gearán faoi Chosaint Sonraí a dhéanamh 29

Aguisíní

Aguisín A Gluais Téarmaí Beartais

Aguisín B Treoirlínte maidir le Sárú i ndáil le Sonraí agus Láimhseáil Teagmhas

Aguisín C Seicliosta maidir le Comhlíonadh na Rialacha um Chosaint Sonraí

Aguisín D Sonraí Teagmhála Oifigeach Cosanta Sonraí Uiscebhealaí Éireann

Aguisín E Foirm Iarratais Uiscebhealaí Éireann ar Rochtain ó Ábhar Sonraí

Aguisín F Cinnteoirí um Chosaint Sonraí Uiscebhealaí Éireann

Aguisín G Dearbhú um Chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí chun críocha Tairisceana

Aguisín H Clásail Chaighdeánacha Conartha RGCS do chonraitheoirí atá fostaithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann Uiscebhealaí Éireann

Aguisín I Pro Forma um Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

1.0 Réamhrá

1.1. D'fhonn feidhmeanna oibríochta Uiscebhealaí Éireann a sheachadadh mar chomhlacht trasteorann, déanaimid cineálacha áirithe faisnéis phearsanta a bhailiú, a stóráil, a úsáid agus a roinnt, maidir leis an phobal agus lenár bhfostaithe. Mar shampla,

- Na seirbhísí, na táirgí nó an fhaisnéis a d'iarr siad a sholáthar do bhall den phobal.
- Taifead a choinneáil ar chaidreamh an phobail linn (cén t-am agus cén dóigh a ndearna siad teagmháil linn).
- Chun a chinntiú go mbíonn a fhios againn cén dóigh is fearr teagmháil a dhéanamh lenár gcustaiméirí.
- Chun cabhrú linn a shainaithint agus a thuiscint cén dóigh is féidir linn ár gcuid seirbhísí, táirgí nó faisnéise a sheachadadh agus a fheabhsú.
- Chun slándáil ár n-áitribh a chothabháil agus chun coireacht a chosc agus a imscrúdú, trí theilifís chiorcaid iata (TCI) a shuiteáil agus a úsáid.
- Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála a chomhlíonadh maidir lenár bhfostaithe agus leis an phobal.

Sa Bheartas Cosanta Sonraí seo leagtar amach caighdeáin oibríochta Uiscebhealaí Éireann maidir le bailiú, stóráil, úsáid agus nochtadh faisnéis phearsanta. Rialaíonn an beartas gníomhaíochtaí den sórt sin freisin chun a chinntiú go n-oibrímid i gcomhréir leis na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Tá úsáid na sonraí pearsanta go léir ag Uiscebhealaí Éireann faoi rialú ag na forálacha reachtacha a leanas a bhfuil tosaíocht acu i ngach cás:

- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 [**AE-RGCS**] agus an tAcht um Chosaint Sonraí in Éirinn, 2018
- Rialachán Ginearálta na RA um Chosaint Sonraí [**RA-RGCS**] agus Acht um Chosaint Sonraí na RA 2018, arna leasú leis na Rialacháin um Chosaint Sonraí, Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (Leasuithe etc.) Rialacháin um (Imeacht ón AE), 2019
- Na Rialacháin maidir le R-Phríobháideachas 2011
- Na Rialacháin maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (RPCL)

1.2. Tá Uiscebhealaí Éireann cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Faisnéise. Is é Z9098664 an uimhir chláraithe.

1.3. Tá Gluais Téarmaí Beartais leagtha amach in Aguisín A.

1.4. Ba cheart an beartas seo a léamh i dteannta le Fógra Príobháideachais Uiscebhealaí Éireann, an ceann is déanaí ina sonraítear ár ngealltanais fhoilsithe maidir le húsáid agus slándáil faisnéis phearsanta a bhailíonn agus a úsáideann an eagraíocht. Tá an leagan reatha le fáil ar ár suíomh gréasáin ag https://www.waterwaysireland.org/privacy-notice

1.5. Beidh an beartas faoi réir ghnáthbhreithniú agus ó am go ham déanfar athbhreithnithe chun riachtanais cur chun feidhme agus soiléirithe a léiriú. Beidh an leagan is nuashonraithe den bheartas ar fáil ar INLÍON Uiscebhealaí Éireann (*Fillteán um Sheirbhísí Corparáideacha)* agus cuirfear sin in iúl don fhoireann trí bhainistíocht líne agus cumarsáid ríomhphoist.

1.6. Déanfar an beartas a athbhreithniú go foirmiúil ag eatraimh 12 mhí (ag tosú i mí na Bealtaine 2019), chun athruithe ar an reachtaíocht nó ar struchtúr Uiscebhealaí Éireann, agus beartais eagrúcháin nua nó leasaithe a bhaineann le cosaint sonraí a léiriú.

2.0 Cad é an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Soláthraítear leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) creat nua-aimseartha cuimsitheach do chosaint sonraí san AE agus sa Ríocht Aontaithe (RA). Rialaíonn an reachtaíocht próiseáil faisnéis phearsanta a bhaineann le **'daoine aonair beo'.**

De bharr dul chun cinn teicneolaíochta, níl an reachtaíocht um chosaint sonraí a bhí ann cheana oiriúnach don fheidhm a thuilleadh. Cuirtear san áireamh leis an RGCS an líon mór bealaí nua ina bhfaigheann agus ina soláthraíonn daoine faisnéis phearsanta, mar shampla tríd an idirlíon, fóin chliste, táibléid, siopadóireacht ar líne, baincéireacht etc.

Leis an RGCS tugtar cearta méadaithe do dhaoine aonair maidir le bailiú, úsáid agus bainistíocht a gcuid faisnéis phearsanta, is cuma cén dóigh a soláthraíonn/a bhfaigheann eagraíochtaí í. Leis an reachtaíocht cuirtear freagrachtaí méadaithe ar eagraíochtaí a bhailíonn agus a úsáideann faisnéis phearsanta chun doiciméadú/fianaise a choinneáil a léiríonn go bhfuil siad ag feidhmiú de réir RGCS, agus gearrtar fíneálacha suntasacha má fhaightear amach nach bhfuil eagraíochtaí comhlíontach.

3.0 Cad is R-Phríobháideachas ann

Comhlánaítear le treoracha R-phríobháideachais an córas ginearálta um chosaint sonraí agus leagtar amach iontu cearta príobháideachais níos sainiúla ar chumarsáid leictreonach.

Clúdaítear réimsí éagsúla le rialacháin R-Phríobháideachais:

- Margaíocht ar bhealaí leictreonacha, lena n-áirítear glaonna margaíochta, téacsanna agus ríomhphoist.
- Úsáid fianán nó teicneolaíochtaí dá samhail a rianaíonn faisnéis faoi dhaoine a bhfuil rochtain acu ar shuíomh gréasáin nó ar sheirbhís leictreonach eile.
- Slándáil seirbhísí poiblí cumarsáid leictreonach.
- Príobháideachas na gcustaiméirí a úsáideann líonraí nó seirbhísí cumarsáide maidir le sonraí tráchta agus suímh, billeáil mhionsonraithe,

seirbhísí aitheantais líne (e.g. aitheantas glaoiteora agus glaoch ar ais), agus liostaí eolaire.

4.0 Cuspóir an Beartais Cosanta Sonraí seo

Tá láimhseáil dhleathach agus cheart sonraí pearsanta ag foireann nó conraitheoirí Uiscebhealaí Éireann atá ag gníomhú thar a gceann riachtanach chun oibriú go rathúil, agus chun muinín a choinneáil idir Uiscebhealaí Éireann agus iad siúd a ndéileálann siad leo, go hinmheánach agus go seachtrach.

Is é aidhm an Bheartais Cosanta Sonraí seo caighdeáin agus oibleagáidí oibríochta na foirne a shonrú lena chinntiú go gcomhlíonann Uiscebhealaí Éireann RGCS agus an reachtaíocht ghaolmhar sa RA agus in Éirinn. Cuireann sé oibleagáid freisin ar sholáthróirí/sholáthraithe seirbhíse atá ag gníomhú ar ár son agus ar dhaoine eile lena roinnimid sonraí pearsanta, gan sonraí pearsanta a bhailiú agus a bhainistiú ach amháin de réir chlásail chonartha RGCS Uiscebhealaí Éireann nó Comhaontú sínithe Comhroinnte Sonraí.

Leis an bheartas seo ceanglaítear comhlíonadh RGCS mar chuid lárnach den bhealach ina ndéanaimid gnó ar bhonn laethúil. Ní mór dúinn oibleagáidí gaolmhara um Chosaint Sonraí a chomhtháthú inár ngníomhaíochtaí oibríochta, próisis agus pleanáil bainistíochta riosca go léir – Sainítear é sin sa RGCS mar Chosaint Sonraí trí Dhearadh agus Réamhshocrú. Tosaíonn na freagrachtaí sin ón phointe a bhfuil sé beartaithe againn faisnéis phearsanta a bhailiú nó a úsáid, agus leanann siad ar aghaidh maidir lenár bhfreagrachtaí leanúnacha i ndáil le stóráil agus slándáil faisnéise den sórt sin, cinntí maidir le comhroinnt le tríú páirtithe, ceanglais cartlainne agus cineálacha áirithe faisnéis phearsanta a dhiúscairt de réir ár Sceideal Coinneála agus Diúscartha. Ailínithe leis na freagrachtaí sin tá ár ndualgas chun na gealltanais um chosaint sonraí agus trédhearcachta a urramú a shonraítear san Fhógra Príobháideachais foilsithe ag Uiscebhealaí Éireann.

5.0 Raon feidhme an bheartais

5.1. Baineann an beartas seo le fostaithe, oibrithe gníomhaireachta, soláthraithe/ soláthróirí seirbhíse tríú páirtí a oibríonn thar ceann Uiscebhealaí Éireann agus daoine aonair údaraithe eile – dá ngairtear “úsáideoirí” sa bheartas seo.

5.2. Mura gcomhlíontar an beartas seo d’fhéadfadh gníomh araíonachta a bheith ann d’fhostaithe Uiscebhealaí Éireann, foirceannadh conartha i gcás soláthraí/ soláthróir seirbhíse tríú páirtí, nó deireadh a chur le Comhaontú Comhroinnte Sonraí i ndáil le heagraíochtaí a roinnimid sonraí pearsanta leo go dleathach.

5.3. Féadfaidh daoine aonair a mheasann go ndearna Uiscebhealaí Éireann a gcuid faisnéis phearsanta a phróiseáil go mícheart nó a sháraíonn na Prionsabail um Chosaint Sonraí ar bhealach ar bith gearán a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí i dtosach, ar achomharc chuig an Phríomhfheidhmeannach agus mura bhfuil siad sásta le torthaí an imscrúdaithe, féadfaidh siad gearán a dhéanamh don údarás maoirseachta i.e. Oifig an Choimisinéara Faisnéise RA

nó an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn. Déantar foráil sa RGCS do raon smachtbhannaí a fhéadfaidh an t-údarás maoirseachta a fhorchur, lena n-áirítear pionóis airgeadais. Féach alt 19.0 maidir le 'An dóigh chun Gearán faoi Chosaint Sonraí a Dhéanamh'.

6.0 Freagrachtaí Cosanta Sonraí in Uiscebhealaí Éireann

6.1. **Príomhfheidhmeannach**
Tá freagracht fhoriomlán ar an Phríomhfheidhmeannach as riachtanais chomhlíonta Cosanta Sonraí agus as an mbeartas seo a chur chun feidhme.

6.2. **Oifigeach Cosanta Sonraí Uiscebhealaí Éireann**
Cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí comhairle, treoir agus faireachán ar fáil maidir le comhlíonadh RGCS agus cur chun feidhme an Bheartais Cosanta Sonraí seo. Tuairisceoidh an tOifigeach Cosanta Sonraí don Phríomhfheidhmeannach maidir le cúrsaí Cosanta Sonraí agus beidh tacaíocht aige nó aici ó na Stiúrthóirí, na Bainisteoirí Réigiúnacha agus a bhfoireann maidir le cur chun feidhme an bheartais seo agus na ceanglais chomhlíonta RGCS a ghabhann leis.

I measc na bhfreagrachtaí sonracha tá:

- Bainistíocht shinsearach agus foireann Uiscebhealaí Éireann a chur ar an eolas agus comhairle a thabhairt dóibh maidir lena n-oibleagáidí maidir leis an RGCS agus an beartas seo.
- Oiliúint foirne, ardú feasachta agus sannadh freagrachtaí RGCS.
- Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an bheartais seo trí iniúchtaí.
- Iarrataí ó Ábhair Sonraí a phróiseáil chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta nó chun cearta eile a fheidhmiú.
- Gearáin faoi Chosaint Sonraí a Imscrúdú.
- Comhoibriú le ceanglais na n-údarás maoirseachta um Chosaint Sonraí; Oifig an Choimisinéara Faisnéise sa Ríocht Aontaithe agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, agus na ceanglais sin a chur i ngníomh.
- Comhairle a sholáthar nuair a iarrtar í maidir leis an ghá atá le Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh gaolmhar de réir Airteagal 35 den RGCS.
- An beartas seo a nuashonrú chun athruithe reachtaíochta amach anseo agus cumarsáid na n-athruithe sin a léiriú don fhoireann agus d'úsáideoirí ábhartha eile an bheartais.
- Moltaí Réigiún/Rannóige a chur isteach chun iarratais nua ar bhailiú agus ar phróiseáil sonraí pearsanta a thosú don Fhoireann Bainistíochta Shinsearach lena gceadú.

- Leasú ar ‘Iniúchadh ar Shonraí Pearsanta’ Uiscebhealaí Éireann atá i seilbh agus ar an Fhógra Príobháideachais freisin chun gníomhaíochtaí nua bailithe agus próiseála sonraí arna gceadú ag an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach a léiriú. Caithfear an t-iniúchadh sin a choinneáil de réir Airteagal 30 de RGCS.

6.3. **Ceann TF**

Tá an Ceann TF freagrach as cloí le Cosaint Sonraí a chinntiú maidir le sonraí pearsanta a ghabháil agus a stóráil trí TCI a úsáid ag réadmhaoin Uiscebhealaí Éireann.

6.4. **Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Réigiúnacha**

Tá freagracht tarmligthe ar gach Stiúrthóir agus Bainisteoir Réigiúnach as sonraí pearsanta a chosaint laistigh dá réimsí oibríochta féin agus as comhlíonadh i ndáil leis an bheartas seo. I measc na bhfreagrachtaí sonracha tá an méid a leanas:

- Gníomhartha Cosanta Sonraí a chur chun feidhme agus ionchur a sholáthar de réir mar a iarrann Oifigeach Cosanta Sonraí Uiscebhealaí Éireann.

- Tosaíocht a thabhairt do fhreagrachtaí Cosanta Sonraí agus do ghníomhartha riachtanacha i measc a mbaill foirne agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh go rialta.

- A chinntiú go rachfar i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí go tráthúil maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

- Moltaí a chur isteach chun tús a chur le gníomhaíochtaí nua bailithe agus próiseála sonraí pearsanta chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí le haghaidh breithniú agus cuimsiú na Foirne Bainistíochta Shinsearach in ‘Iniúchadh Sonraí Pearsanta’ Uiscebhealaí Éireann.

- A chinntiú go bhfuil Clásail Chonartha RGCS agus an Sceideal Próiseála gaolmhar i bhfeidhm leis na próiseálaithe tríú páirtí go léir atá ag gníomhú thar ceann Uiscebhealaí Éireann, agus go ndéantar Clásal Conartha ginearálta RGCS a ionchorprú i ngach conradh seirbhíse eile (**féach cuid 14 agus Aguisíní G agus H).**

- A chinntiú go bhfuil Comhaontú Comhroinnte Sonraí ceadaithe i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a roinnt le gníomhaireachtaí/comhlachtaí eile, i gcás nach bhfuil an chomhroinnt sin á rialú ag ceanglas reachtach.

- An Seicliosta um Chomhlíonadh Cosanta Sonraí a chomhlánú **(féach Aguisín C)**. maidir lena réimsí oibre faoi seach ar bhonn ráithiúil.

6.5. **Gach Ball Foirne**

Tá sé de dhualgas ar gach ball foirne de chuid Uiscebhealaí Éireann agus daoine eile atá ag gníomhú thar ceann Uiscebhealaí Éireann a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht um chosaint sonraí agus na forálacha sa bheartas sin. Tá sé de fhreagracht ar gach duine acu a chinntiú i dtaca leis na sonraí

pearsanta go léir a mbíonn rochtain acu orthu, a ndéanann siad iad a bhainistiú agus a rialú *(cóip chrua nó leictreonach)* mar chuid dá ndualgais, go ndéantar gach rud ina leith de réir an bheartais seo agus de réir threoracha a mbainisteora líne.

- Níor cheart don fhoireann bailiú nó próiseáil sonraí pearsanta a thionscnamh gan ceadú a fháil óna mbainisteoir líne roimh ré. Níor cheart faisnéis phearsanta a bhailiú ná a úsáid mura bhfuil bonn cirt léi, go dlíthiúil agus go praiticiúil, déanamh amhlaidh.

- Is baill foirne shinsearacha iad na Cinnteoirí dá dtagraítear sa bheartas seo atá ag gníomhú thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh, a bhfuil freagracht tarmligthe orthu moltaí/cinntí a dhéanamh maidir le 'Cearta Ábhair Sonraí' (**féach Aguisín F)**.

- D'fhéadfadh gach faisnéis a choinnítear ar threalamh Uiscebhealaí Éireann (lena n-áirítear ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, fóin phóca agus táibléid) a bheith faoi réir cuardach faisnéise le linn iarratas ar Rochtain ar Ábhar a phróiseáil nó maidir le comhlíonadh an bheartais seo a mheas.

- Déileálfar le neamh-chomhlíonadh an bheartais seo de réir bheartas Chód Iompair Uisce Éireann agus de réir bheartas Araíonachta.

7.0 An dóigh a gcaithfimid comhlíonadh na 6 Phrionsabal um Chosaint Sonraí a léiriú

Mar Rialaitheoir Sonraí, tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as comhlíonadh 6 phrionsabal RGCS a chinntiú agus caithfidh sé a bheith in ann é sin a thaispeáint d'Ábhair Sonraí agus do na húdaráis mhaoirseachta (Oifig an Choimisinéara Faisnéise, an Ríocht Aontaithe agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn). Tá cuntasacht mar bhonn agus taca le gach ceann de na 6 phrionsabal agus ceanglaíonn sí ar ár bhfoireann agus ar ár n-ionadaithe taifid fianaise ábhartha agus leordhóthanacha a choinneáil chun a thaispeáint go mbíonn faisnéis phearsanta:

7.1. **Á bpróiseáil go dleathach, go cóir agus go trédhearcach;**

7.2. **Á mbailiú chun críocha sonraithe, follasacha agus dlisteanacha agus nach ndéantar iad a phróiseáil tuilleadh ar bhealach nach luíonn leis na críocha sin (Riail Teorannú Cuspóra).**
De réir Airteagal 89(1) den RGCS, ní mheasfar go bhfuil próiseáil bhreise chun críocha cartlainne ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíochta nó staire, nó chun críocha staidrimh, neamh-chomhoiriúnach leis na críocha tosaigh.

7.3. **Leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach i ndáil leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil (An Riail Íoslaghdaithe Sonraí);**

7.4. **Cruinn agus arna gcoinneáil cothrom le dáta (Riail an Chruinnis)**

Nuair a mheastar go bhfuil sonraí pearsanta míchruinn, agus aird á tabhairt ar na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil, caithfear gach céim réasúnach a ghlacadh chun a chinntiú go ndéantar iad a scriosadh nó a cheartú gan mhoill a luaithe agus a chuirtear aon mhíchruinneas ina leith in iúl.

7.5. **Á gcoinneáil i bhfoirm a cheadaíonn Ábhair Sonraí a shainaithint nach faide ná mar is gá chun na gcríoch a ndéantar na sonraí sin a phróiseáil ina leith (Riail an Teorannaithe Stórála).**
Ní mór sonraí pearsanta a choinneáil i rannóga tráth nach faide ná mar a tiomnaíodh don Ábhar Sonraí agus atá mionsonraithe agus foilsithe i Sceideal Coinneála agus Diúscartha Sonraí Pearsanta Uiscebhealaí Éireann.

Ní fhéadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh tréimhsí níos faide ach amháin nuair atá siad le próiseáil chun críocha cartlainne ar mhaithe le leas an phobail amháin, chun críocha taighde eolaíochta nó staire nó chun críocha staidrimh amháin de réir Airteagal 89(1) den RGCS. Ní cheadaítear a leithéid de stóráil níos faide ach amháin nuair atá bearta teicniúla agus eagrúcháin iomchuí i bhfeidhm chun cearta agus saoirsí an Ábhair Sonraí a chosaint.

7.6. **Próiseáilte ar bhealach a chinntíonn slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint i gcoinne próiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus i gcoinne caillteanas de thimpiste, i gcoinne scriosta nó i gcoinne damáiste, ag baint úsáid as bearta teicniúla nó eagrúcháin iomchuí (Riail an Ionracais agus na Rúndachta).**

8.0 An dóigh a gcaithfimid dlíthiúlacht gníomhaíochtaí próiseála sonraí a léiriú

Ní mór do Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Réigiúnacha an bunús dleathach chun sonraí pearsanta a phróiseáil a aithint agus ceadú na Foirne Bainistíochta Shinsearach a fháil i gcomhar leis an Oifigeach Cosanta Sonraí, sula dtosaíonn siad ar aon ghníomhaíocht nua próiseála sonraí pearsanta.

Tá na boinn dhlíthiúla le haghaidh próiseála leagtha amach in Airteagal 6 den RGCS agus ní mór do **cheann amháin ar a laghad** acu sin feidhm a bheith acu sular féidir le hUiscebhealaí Éireann sonraí pearsanta a phróiseáil:

8.1. **Toiliú**
Thug an tÁbhar Sonraí toiliú soiléir i scríbhinn d'Uiscebhealaí Éireann chun a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch shainiúil amháin nó níos mó.

8.2. **Conradh**
Tá an phróiseáil riachtanach chun conradh atá ag Uiscebhealaí Éireann le Ábhar Sonraí a chomhlíonadh nó toisc gur iarr an tÁbhar Sonraí ar Uiscebhealaí Éireann céimeanna ar leith a ghlacadh sula ndéanfadh siad conradh. Tugtar na cosaintí céanna do shonraí pearsanta a bhaineann le Trádálaithe Aonair nó Comhpháirtíochtaí gan dliteanas teoranta agus a thugtar do shonraí pearsanta a bhaineann le ball den phobal nó den fhoireann.

8.3. **Oibleagáid dhlíthiúil**
Tá an phróiseáil riachtanach chun go gcomhlíonfaidh Uiscebhealaí Éireann an dlí (gan oibleagáidí conarthacha a áireamh).

8.4. **Leasanna ríthábhachtacha**
Tá an phróiseáil riachtanach chun beatha Ábhair Sonraí a chosaint, e.g. i gcás éigeandála.

8.5. **Tasc/feidhm phoiblí**
Tá an phróiseáil riachtanach chun go ndéanfaidh Uiscebhealaí Éireann tasc ar mhaithe le leas an phobail nó feidhm i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil mar chomhlacht trasteorann, agus tá bunús soiléir leis an tasc/feidhm sa dlí.

8.6. **Leasanna dlisteanacha**
Tá an phróiseáil riachtanach chun leasanna dlisteanacha Uiscebhealaí Éireann nó chun leasanna dlisteanacha tríú páirtí, mura bhfuil cúis mhaith ann sonraí pearsanta an Ábhair Sonraí a sháraíonn na leasanna dlisteanacha sin a chosaint. Nóta: ní bhaineann an bunús dleathach seo le hUiscebhealaí Éireann i gcás ina mbaineann próiseáil sonraí pearsanta le comhlíonadh a chúraim/a dtascanna poiblí i bhfeidhmiú a údaráis oifigiúil mar chomhlacht trasteorann.

9.0 Má bhaintear úsáid as Sonraí Pearsanta chun críocha eile seachas mar a cuireadh in iúl don Ábhar Sonraí ar dtús, ní mór cead a fháil roimh ré

Ní cheadaítear sonraí pearsanta a úsáid chun críocha seachas na críocha ar bailíodh na sonraí pearsanta ina leith ar dtús ach amháin le réamhúdarú ón bhainistíocht líne, agus le comhairle ón Oifigeach Cosanta Sonraí. Glacfar cinneadh bunaithe ar an méid seo a leanas:-

9.1. An gá atá leis an Ábhar Sonraí a chur ar an eolas agus faisnéis ábhartha bhreise a sholáthar dóibh sula ndéantar aon phróiseáil bhreise.

9.2. Aon nasc idir na críocha ar bailíodh na sonraí pearsanta ina leith agus críocha na próiseála breise beartaithe, agus an bunús dlí a bhí i bhfeidhm nuair a bailíodh na sonraí pearsanta i dtosach.

9.3. Breithniú ar an chomhthéacs inar bailíodh na sonraí pearsanta agus ar an ghaol idir Uiscebhealaí Éireann agus an tÁbhar Sonraí.

9.4. Cineál na sonraí pearsanta agus cibé a dhéantar catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil de réir Airteagal 9 den RGCS, nó an dhéantar sonraí pearsanta maidir le ciontuithe coiriúla agus cionta a phróiseáil de réir Airteagal 10 den RGCS.

9.5. Na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag aon phróiseáil bhreise do na hÁbhair Sonraí.

9.6. Cosaintí iomchuí a bheith ann, mar shampla criptiúchán nó bréagainmniú.

10.0 Coinníollacha is gá chun go n-áireofar Toiliú a bheith bailí

10.1. Caithfidh Uiscebhealaí Éireann a bheith in ann a thaispeáint gur thug an tÁbhar Sonraí toiliú le próiseáil a c(h)uid sonraí pearsanta. Dá bhrí sin, ní mór toiliú a sholáthar i ndearbhú i scríbhinn ina sonraítear an toiliú ar leithligh ó ábhair scríofa eile sa dearbhú. Ba cheart toiliú a fháil trí aon fhoirmeacha atá ann a leasú nó trí fhoirm thoilithe nua a eisiúint don Ábhar Sonraí le comhlánú. Caithfidh gach Réigiún/Rannóg foirmeacha toilithe aonair a bhaineann lena ngníomhaíochtaí bailithe sonraí a leasú nó a fhorbairt.

10.2. Ba cheart go mbeadh an toiliú i scríbhinn sainiúil agus gráinneach ionas go bhfaighfear toiliú ar leithligh le haghaidh rudaí ar leithligh, mar shampla, grianghraif a roinnt le tríú páirtí a chaithfear a ainmniú go hiomlán ionas go mbeidh siad ag brath ar thoiliú an Ábhair Sonraí freisin.

10.3. Ba chóir go mbeadh an fhoirm thoilithe scríofa i dteanga shoiléir, intuigthe, ghonta agus i bhfoirm inrochtana.

10.4. Ba cheart go soláthrófaí leis an fhoirm thoilithe dearbhú dearfach ar chomhaontú ag an Ábhar Sonraí gur féidir le hUiscebhealaí Éireann a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch shainiúil amháin nó níos mó mar atá mionsonraithe ar an fhoirm. Teastaíonn rogha dhearfach uaidh – Ná húsáid boscaí réamhthiceáilte ná aon mhodh eile toiliú réamhshocraithe.

10.5. Ní féidir toiliú a léirmhíniú trí thost (gan agóid a dhéanamh) nó neamhghníomhaíocht ag an Ábhar Sonraí.

10.6. Ní mór Ábhair Sonraí a chur ar an eolas ar fhoirm thoilithe Uiscebhealaí Éireann go bhfuil sé de cheart acu a dtoiliú a tharraingt siar agus ní mór dúinn a rá leo cén dóigh, mar shampla trí ghlaoch a chur ar xxxxxxxx nó trí ríomhphost a sheoladh chuig xxxxx@waterwaysireland.org. Tá sé de cheart ag Ábhar Sonraí a dtoiliú a tharraingt siar tráth ar bith agus caithfidh Uiscebhealaí Éireann gníomhú ar thoiliú a tharraingt siar a luaithe is féidir. Ní dhéanann tarraingt siar toilithe difear do dhlíthiúlacht na próiseála bunaithe ar an toiliú sula dtarraingítear siar é.

10.7. Agus measúnú á dhéanamh ar cibé acu atá toiliú tugtha go saor ag Ábhar Sonraí, is gá a mheas an bhfuil feidhmíocht conartha, lena n-áirítear seirbhís a sholáthar, ag brath ar thoiliú a fháil chun sonraí pearsanta a phróiseáil atá riachtanach chun an conradh a chomhlíonadh.

10.8. Ní mór fianaise ar thoilithe a fuarthas a choinneáil/a chomhdú agus taifead a choinneáil chun críocha tuairiscithe (cé dó, cén t-am, cén dóigh agus cad é ar inis tú do dhaoine a raibh an toiliú ann ina leith).

10.9. Ní mór do réigiúin/rannóga toiliú a choinneáil faoi athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil imthosca úsáide toilithe mar an gcéanna leis an uair a thug an tÁbhar Sonraí an toiliú ar dtús. Is gá athbhreithniú rialta a dhéanamh ar thoiliú lena chinntiú nach bhfuil aon athrú ar an ghaol idir an Ábhar Sonraí agus Uiscebhealaí Éireann, cuspóir an toilithe agus na próiseála.

11.0 Próiseáil catagóirí speisialta Sonraí Pearsanta (Sonraí Íogaire)

Sa chás go bhfuil sé i gceist ag Uiscebhealaí Éireann aon chatagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, ceanglaítear air bunús dlí amháin nó níos mó a aithint ó Airteagal 9 den RGCS chun dlíthiúlacht na próiseála sonraí sin a léiriú. Tá sé sin sa bhreis ar an bhunús dlí a sainaithníodh cheana in Airteagal 6 den RGCS. Tá 8 mbunús dlí in Airteagal 9 lena meas amhail cinn lena mbaineann ábharthacht ionchasach:

11.1. Tá an tÁbhar Sonraí i ndiaidh a t(h)oiliú a thabhairt maidir leis an phróiseáil chun críoch shonraithe amháin nó níos mó.

11.2. Tá gá le próiseáil chun oibleagáidí Uiscebhealaí Éireann a chomhlíonadh agus chun a chearta sonracha nó cearta an Ábhair Sonraí a fheidhmiú i ndáil le dlí fostaíochta, slándáil shóisialta nó cosaint shóisialta.

11.3. Tá gá le próiseáil chun leasanna ríthábhachtacha an Ábhair Sonraí a chosaint i gcás nach bhfuil sé nó sí in ann toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil.

11.4. Baineann an phróiseáil le sonraí pearsanta atá curtha ar fáil go poiblí ag an Ábhar Sonraí.

11.5. Tá gá le próiseáil chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

11.6. Tá gá le próiseáil ar chúiseanna a bhaineann le leas poiblí substaintiúil bunaithe ar dhlí AE nó na mballstát.

11.7. Tá gá le próiseáil chun acmhainn oibre an fhostaí a mheas.

11.8. Tá gá le próiseáil chun críocha cartlainne ar mhaithe leis an leas poiblí nó chun críocha stairiúla nó chun críocha staidrimh.

Sonraí maidir le cion coiriúil

Cuimsítear ar shonraí faoi chionta coiriúla sonraí maidir le ciontuithe coiriúla, cionta coiriúla nó bearta slándála gaolmhara. Cé nach meastar sonraí faoi chionta coiriúla mar Chatagóir Speisialta sonraí pearsanta faoin RGCS, tá coinníollacha ar leithligh ann nach mór a shásamh sula mbailítear na sonraí sin.

Ar dtús, is gá go n-aithnítear bunús dlí le haghaidh próiseála, de réir alt 8.0 thuas. Ar an dara dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 10 den RGCS, is gá go ndéanann bainisteoir údaraithe Uiscebhealaí Éireann doiciméadú maidir le próiseáil sonraí faoi chionta coiriúla a bheith á déanamh i gcáil oifigiúil chun críoch shonraithe, agus go gcinntíonn sé/sí go ndéantar foráil sa phróiseáil a dhéantar maidir le cosaintí iomchuí do chearta agus do shaoirsí an Ábhair Sonraí.

12.0 Ár n-oibleagáidí maidir le Cearta an Ábhair Sonraí

Tá an tOifigeach Cosanta Sonraí freagrach as iarratais a fháil agus a phróiseáil ó Ábhair Sonraí ar mian leo a gcearta Cosanta Sonraí a fheidhmiú mar a leanas:

- An Ceart go gCuirfí in Iúl
- An Ceart chun Sonraí a Rochtain
- An Ceart go nDéanfaí Ceartúcháin
- An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh
- An Ceart go gCuirfí Srian le Próiseáil
- An Ceart chun Iniomparthacht Sonraí
- An Ceart chun Agóid a Dhéanamh
- Cearta a bhaineann le cinnteoireacht uathoibrithe lena n-áirítear próifíliú

Ba cheart iarratais ó Ábhair Sonraí chun a gcearta faoin bheartas seo a fheidhmiú a chur isteach i scríbhinn chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí (**féach na sonraí teagmhála in Aguisín D).**

Tabharfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí admháil, ar iarraidh den sórt sin a fháil dó nó di, laistigh de 5 lá oibre. Iarrfar cruthúnas céannachta i ndáil leis na cearta RGCS thuas go léir de réir thiomantas Uiscebhealaí Éireann chun sonraí pearsanta a shlánú agus chun aisghabháil chruinn ar phíosaí scannáin TCI iarrtha nó taifid ghrianghrafadóireachta eile a chumasú.

Caithfidh Cruthúnas Céannachta a bheith i bhfoirm fótachóipe de cheachtar de dá ní a leanas:

(a) Na leathanaigh a shainaithníonn an tÁbhar Sonraí ina p(h)as

(b) A gCeadúnas Tiomána, nó

Mura bhfuil ceachtar de na doiciméid thuas i seilbh an Ábhair Sonraí, ba cheart dóibh na nithe a leanas a sholáthar:

(c) Cóip d'fhoirm oifigiúil mhalartach maidir le haitheantas fótagrafach nó aitheantas oifigiúil eile.

Nuair a fhaightear Cruthúnas Céannachta an Iarratasóra, iarrfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí ar Chinnteoir ábhartha Uiscebhealaí Éireann an t-iarratas a phróiseáil faoi dháta riachtanach. Sa chás go bhfuil amhras réasúnach ar an Oifigeach Cosanta Sonraí nó ar an Chinnteoir faoi chéannacht an Iarratasóra, féadfaidh siad faisnéis bhreise a iarraidh is gá chun céannacht an Ábhair Sonraí a dhearbhú. Ní dhiúltóidh Uiscebhealaí Éireann gníomhú ar iarratas ó Ábhar Sonraí a gcearta a fheidhmiú ach amháin mura féidir an tÁbhar Sonraí a shainaithint.

Scálaí ama
Soláthrófar faisnéis nó bearta a dhéanfaidh Cinnteoirí Uiscebhealaí ar iarratas ón Ábhar Sonraí gan mhoill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 1 mhí féilire ón

dáta ar a bhfuarthas an iarraidh. Is féidir an tréimhse ama sin a shíneadh 2 mhí eile nuair is gá mar gheall ar chastacht agus ar líon na n-iarratas. In imthosca den sórt sin, cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí an tÁbhar Sonraí ar an eolas faoin síneadh ama laistigh de mhí i ndiaidh dó nó di an iarraidh a fháil, mar aon leis na cúiseanna leis an mhoill.

Iarrataí atá go follasach gan bhunús, nó iomarcacha

Nuair a mheastar go bhfuil iarrataí ó Ábhar Sonraí go follasach gan bhunús nó gur dóigh go mbeidh ualach riaracháin iomarcach mar thoradh orthu, féadfaidh Cinnteoirí Uiscebhealaí Éireann cinneadh a thabhairt i gcrích chun táille riaracháin a ghearradh, nó 'Diúltú gníomhú ar an iarraidh' le taispeáint roimh ré ar chinneadh an cháis i scríbhinn chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá sé de cheart ag an Oifigeach Cosanta Sonraí oiriúnacht chinneadh an Chinnteora a mheas agus comhairle a thabhairt de réir mar is gá.

12.1 An Ceart go gCuirfí in Iúl

Nuair a fhaightear faisnéis phearsanta go díreach ó Ábhar Sonraí, **ag an am a bhailítear é**, ba cheart an fhaisnéis a leanas a sholáthar don Ábhar Sonraí, i bhfoirm Fógra Príobháideachais agus cumarsáid dhíreach eile i scríbhinn de réir mar is ábhartha:-

(a) Aitheantas Uiscebhealaí Éireann mar an Rialaitheoir Sonraí;

(b) Sonraí teagmhála an Oifigigh um Chosaint Sonraí;

(c) Cuspóirí aon phróiseála sonraí pearsanta agus aon bhunús dlí gaolmhar le fianaise ar an dara ceann;

(d) Faighteoirí na sonraí pearsanta;

(e) Luaigh más dóigh go n-aistreofar na sonraí chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, agus na cosaintí atá ann;

(f) An tréimhse a stórálfar na sonraí;

(g) Ceart an Ábhair Sonraí a bheith ann chun a iarraidh ar Uiscebhealaí Éireann rochtain a fháil ar, ceartúchán nó léirscriosadh sonraí pearsanta, nó srian ar phróiseáil a bhaineann leis an Ábhar Sonraí, nó agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála chomh maith leis an cheart chun iniomparthachta (mar a mhínítear in ailt 11.2- 11.7 thíos);

(h) An ceart toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, nuair is ábhartha;

(i) An ceart chun gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Faisnéise RA nó leis an Choimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn;

(j) Cibé acu a cheanglaítear ar an Ábhar Sonraí aon sonraí pearsanta a sholáthar mar chuid de cheanglas dlíthiúil nó conartha agus na hiarmhairtí mura ndéanfar amhlaidh; agus

(k) Aon chinnteoireacht uathoibrithe a bheith ann lena n-áirítear próifíliú agus faisnéis míniúcháin ghaolmhar faoin dóigh a ndéanfar cinntí agus an tábhacht a bhaineann leo.

Nóta (i): Tá Fógra Príobháideachais RGCS foriomlán Uiscebhealaí Éireann ar fáil le híoslódáil ónár suíomh gréasáin ag https://www.waterwaysireland.org/privacy-notice.
Déanfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí é a nuashonrú go tréimhsiúil chun gníomhaíochtaí nua próiseála Sonraí Pearsanta a dhéanann an eagraíocht a léiriú agus aon athruithe ar na bealaí ina mbailítear, ina bpróiseáiltear agus ina roinntear sonraí pearsanta.

Nóta (ii): Chomh maith leis an Fhógra Príobháideachais, féadfaidh Cinnteoirí Uiscebhealaí Éireann **(féach Aguisín F)** a údarú go soláthrófar faisnéis bhreise d'Ábhair Sonraí agus iad ag bailiú a gcuid faisnéis phearsanta. Is féidir é sin a dhéanamh trí fhoirmeacha iarratais, bileoga nó cineálacha eile cumarsáid dhíreach i scríbhinn a sholáthraíonn comhthéacs sonrach do ghníomhaíochtaí bailithe sonraí aonair a bhíonn ar siúl, mar a cheanglaítear faoi alt 12.1 (a) go (k) thuas.

Sonraí Pearsanta a fhaightear go hindíreach

Aithnítear go bhféadfaidh Uiscebhealaí Éireann sonraí pearsanta a fháil go hindíreach ó eagraíochtaí eile. Nuair a fhaightear amhlaidh go hindíreach, caithfidh an ball foirne freagrach in Uiscebhealaí Éireann (Cinnteoir) teagmháil a dhéanamh leis an Ábhar Sonraí agus a chur in iúl dó/di go bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á gcoinneáil ag Uiscebhealaí Éireann, agus ag an am sin an fhaisnéis a shonraítear in (a) go (k) thuas a áireamh agus mionsonraí breise a thabhairt maidir leis an mhéid a leanas:-

(l) Na catagóirí sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag Uiscebhealaí Éireann maidir leis an Ábhar Sonraí; agus
(m)
(n) Cé as ar tháinig na sonraí pearsanta agus cibé acu ó fhoinsí inrochtana poiblí iad.

Ba cheart na ceanglais faisnéise thuas go léir i.e. (a) go (m) a eisiúint don Ábhar Sonraí a luaithe is féidir, nó ar a dhéanaí,

- laistigh de mhí amháin ó fuarthas na sonraí pearsanta go hindíreach ar dtús;

- má tá na sonraí pearsanta le húsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an Ábhar Sonraí, tráth nach déanaí ná tráth na chéad chumarsáide leis an Ábhar Sonraí; nó

- má tá sé i gceist na sonraí pearsanta a nochtadh d'fhaighteoir eile, tráth nach déanaí ná an t-am a nochtfar na sonraí pearsanta den chéad uair.

Tabhair faoi deara: Má tá sé ar intinn ag Uiscebhealaí Éireann na sonraí pearsanta a úsáid chun críocha seachas na críocha a bhfuarthas na sonraí

ina leith ar dtús, is gá an tÁbhar Sonraí a chur ar an eolas agus faisnéis ábhartha bhreise a sholáthar dó nó di sula ndéantar aon phróiseáil bhreise.

12.2 **An Ceart chun Sonraí a Rochtain**

Tá sé de cheart ag Ábhair Sonraí a bheith ar an eolas más amhlaidh go bhfuil Uiscebhealaí Éireann ag próiseáil a gcuid faisnéis phearsanta agus más amhlaidh atá, an ceart chun rochtain a fháil uirthi, chomh maith leis na ceanglais faisnéise atá leagtha amach in alt 12.1 (a) go (m) thuas. Ba chóir iarratais chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta an duine féin a chur isteach i scríbhinn chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí trí úsáid a bhaint as an Fhoirm Iarratas maidir le Rochtain ar Ábhar a chuirtear ar fáil in **Aguisín E**, ag cur faoi iamh cruthúnas céannachta mar a mhínítear in **alt 12.0**. Féadfaidh Cinnteoir Uiscebhealaí Éireann freagra a eisiúint i scríbhinn nó ó bhéal má iarrann an tÁbhar Sonraí amhlaidh air.

- Soláthróidh Uiscebhealaí Éireann na sonraí a iarrtar i bhformáid roghnaithe an iarratasóra nuair is féidir agus go comhréireach.

- Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis a sholáthraítear don Ábhar Sonraí gonta, trédhearcach, cliste agus inrochtana go héasca.

- Cé go bhfuil an ceart ginearálta ag Ábhair Sonraí rochtain a fháil ar aon cheann dá gcuid faisnéise pearsanta féin a choinnítear, beidh Uiscebhealaí Éireann aireach ar na cúinsí sin ina bhféadfadh díolúine a bheith i bhfeidhm agus, go háirithe, cearta cosanta sonraí tríú páirtithe a d'fhéadfadh a bheith inaitheanta freisin ó na sonraí atá á n-iarraidh.

Gan Muirear
Ní ghearrfar aon táille ar Ábhair Sonraí as a gcuid faisnéis phearsanta a fháil, ach amháin sa chás go meastar gur dóigh go gcuirfeadh iarratas ualach riaracháin iomarcach ar Uiscebhealaí Éireann.

12.3 **An Ceart go nDéanfaí Ceartúcháin**

Déanfaidh Uiscebhealaí Éireann sonraí pearsanta a cheartú i gcás ina dtuairiscítear go bhfuil siad míchruinn nó neamhiomlán gan mhoill mhíchuí, lena n-áirítear a chumasú don Ábhar Sonraí ráiteas forlíontach a sholáthar.

Sa chás gur nocht Uiscebhealaí Éireann na sonraí pearsanta atá i gceist do dhaoine eile cheana féin, rachaidh siad i dteagmháil le gach faighteoir agus cuirfidh siad ar an eolas iad faoin cheartú - mura rud é go bhfuil sé sin dodhéanta nó má bhíonn iarracht dhíréireach i gceist leis. Murar féidir le hUiscebhealaí Éireann beart a dhéanamh chun na cúiseanna thuas a cheartú, cuirfear míniú ar fáil don duine aonair agus cuirfear ar an eolas iad maidir lena gceart chun gearán a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Uiscebhealaí Éireann, agus ina dhiaidh sin chuig Coimisinéir Faisnéise na RA nó chuig an Choimisinéir Cosanta Sonraí in Éirinn.

12.4 **An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh – ar a dtugtar freisin "an Ceart go ndéanfaí ligean i nDearmad"**

I gcás nach bhfuil aon chúis láidir ann le próiseáil leanúnach sonraí pearsanta duine, scriosfaidh nó bainfidh Uiscebhealaí Éireann na sonraí pearsanta ar iarratas ón duine aonair. Féadfar sonraí a scriosadh chun próiseáil a chosc sna cúinsí seo a leanas:

- I gcás nach gá na sonraí pearsanta a thuilleadh maidir leis an chuspóir ar bailíodh/próiseáladh iad ar dtús;
- Nuair a tharraingíonn an duine aonair toiliú don phróiseáil siar agus mura bhfuil aon bhunús dlí eile leis an phróiseáil;
- Nuair a chuireann an duine aonair i gcoinne na próiseála agus nuair nach bhfuil aon leas dlisteanach sáraitheach ann leanúint leis an phróiseáil;
- Próiseáladh na sonraí pearsanta go neamhdhleathach;
- Caithfear na sonraí pearsanta a scriosadh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh.

Tá roinnt imthosca ar leith ann nuair nach bhfuil feidhm ag an cheart go ndéanfaí léirscriosadh. Féadfar iarraidh ar léirscriosadh a dhiúltú i gcás ina ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil ar na cúiseanna a leanas:

- An ceart chun saoirse nochtaithe tuairime agus faisnéise a fheidhmiú;
- Oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, chun tasc poiblí Uiscebhealaí Éireann a chomhlíonadh nó chun a údarás oifigiúil a fheidhmiú;
- Chun críocha sláinte phoiblí ar mhaithe le leas an phobail;
- Cuspóirí cartlainne ar mhaithe le leas an phobail, taighde eolaíoch taighde stairiúil nó críocha staidrimh; nó
- Éilimh dhlíthiúla a fheidhmiú nó a chosaint.

Má tá Uiscebhealaí Éireann i ndiaidh na sonraí pearsanta atá i gceist a nochtadh do dhaoine eile cheana féin, rachaidh Cinnteoir Uiscebhealaí Éireann i dteagmháil le gach faighteoir agus cuirfidh sé ar an eolas iad faoi léirscriosadh na sonraí pearsanta – ach amháin má bhíonn sé sin dodhéanta mar gheall ar an teicneolaíocht atá ar fáil nó má bhíonn costas díréireach ar Uiscebhealaí Éireann i gceist leis. Tá sé de dhualgas ar an gCinnteoir Ábhar Sonraí a chur ar an eolas faoina ghníomhartha ina leith sin má iarrtar é.

12.5 An Ceart go gCuirfí Srian le Próiseáil

Cuirfidh Uiscebhealaí Éireann srian ar phróiseáil sonraí pearsanta sna cúinsí a leanas:

- Sa chás go ndéanann Ábhar Sonraí cur i gcoinne chruinneas na sonraí pearsanta, cuirfimid srian ar an phróiseáil go dtí go bhfíorófar cruinneas na sonraí pearsanta;

- Nuair a mheastar go bhfuil an phróiseáil neamhdhleathach agus go gcuireann an tÁbhar Sonraí i gcoinne léirscriosta agus iarrann sé srian ina ionad;

- Ní éilíonn Uiscebhealaí Éireann na sonraí pearsanta a thuilleadh chun críche na próiseála ach éilíonn an tÁbhar Sonraí na sonraí chun éileamh dlíthiúil a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint;

- Chuir an tÁbhar Sonraí i gcoinne na próiseála (nuair a bhí gá leis chun tasc leas poiblí a chomhlíonadh nó chun leasa dlisteanacha Uiscebhealaí Éireann), agus tá an Cinnteoir ag smaoineamh an amhlaidh go sáraíonn forais dhlisteanacha Uiscebhealaí Éireann forais an Ábhair Sonraí.

Sa chás go bhfuil na sonraí pearsanta atá i gceist nochtaithe do dhaoine eile cheana féin, ní mór do Chinnteoir Uiscebhealaí Éireann teagmháil a dhéanamh le gach faighteoir agus iad a chur ar an eolas faoin srian ar phróiseáil na sonraí pearsanta - ach amháin sa chás go bhfuil sé sin dodhéanta nó má bhíonn iarracht dhíréireach i gceist leis. Tá sé de dhualgas ar an Chinnteoir an tÁbhar Sonraí a chur ar an eolas maidir lena ghníomhartha ina leith má iarrtar é.

Sa chás go bhfuair Ábhar Sonraí srian maidir le próiseáil a c(h)uid sonraí pearsanta, ní thógfaidh an Cinnteoir an srian sin gan an tÁbhar Sonraí a chur ar an eolas ar dtús.

12.6 **An Ceart chun Iniomparthacht Sonraí**

Leis an Cheart chun Iniomparthacht Sonraí ceadaítear do dhaoine aonair a gcuid sonraí pearsanta a fháil agus a tharchur ó Uiscebhealaí Éireann chuig soláthraí seirbhíse eile, ó thimpeallacht TF amháin go ceann eile ar bhealach sábháilte, gan bac ar an inúsáidteacht.

Níl feidhm ag an Cheart seo ar Iniomparthacht Sonraí ach amháin sna cásanna a leanas:-

(a) Maidir le sonraí pearsanta a chuir duine aonair ar fáil d'Uiscebhealaí Éireann;

(b) Sa chás go bhfuil an phróiseáil bunaithe ar thoiliú an duine aonair nó ar chomhlíonadh conartha; agus

(c) Nuair a dhéantar an phróiseáil ar mhodhanna uathoibrithe.

Sa chás go gcomhlíonann an t-iarratas ar Iniomparthacht Sonraí na ceanglais (a) go (c), soláthróidh Cinnteoir Uiscebhealaí Éireann na sonraí pearsanta i bhfoirm struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín agus saor in aisce. Má iarrann an tÁbhar Sonraí é, tarchuirfidh Uiscebhealaí Éireann na sonraí go díreach chuig eagraíocht eile, sa chás ina bhfuil sé sin indéanta go teicniúil.

Ní bheidh feidhm ag an Cheart chun Iniomparthacht Sonraí i gcás ina gcaithfidh Uiscebhealaí Éireann leanúint ar aghaidh ag próiseáil na sonraí iarrtha d'fhonn

a fhreagrachtaí tasc poiblí a chomhlíonadh nó i bhfeidhmiú a údaráis oifigiúil mar chomhlacht trasteorann.

12.7 **An Ceart chun Agóid a dhéanamh**

Tá sé de cheart ag Ábhair Sonraí agóid a dhéanamh i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Próiseáil a gcuid sonraí pearsanta bunaithe ar leasanna dlisteanacha Uiscebhealaí Éireann, comhlíonadh tasc ar mhaithe le leas an phobail, nó i bhfeidhmiú a údaráis oifigiúil (lena n-áirítear próifíliú);

- Margaíocht dhíreach (lena n-áirítear próifíliú); agus

- Próiseáil a gcuid sonraí pearsanta chun críocha taighde agus staidreamh eolaíochta/staire.

Stopfaidh Uiscebhealaí Éireann na sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin sna cásanna a leanas:

(a) Tá forais dhlisteanacha láidre ann don phróiseáil a sháraíonn leasanna, cearta agus saoirsí an duine aonair; nó

(b) Déantar an phróiseáil chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Cuirfidh Uiscebhealaí Éireann daoine aonair ar an eolas faoina gCeart agóid a dhéanamh '**ag pointe na chéad chumarsáide'** agus trínár bhFógra Príobháideachais. Tabharfar 'an ceart agóid a dhéanamh' go sainráite don Ábhar Sonraí agus cuirfear i láthair é go soiléir agus ar leithligh ó aon fhaisnéis eile'.

Caithfidh Uiscebhealaí Éireann stop a chur le sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha margaíocht dhíreach a luaithe a fhaigheann sé agóid ina choinne, agus deimhneoidh an Cinnteoir ábhartha go ndearnadh gníomh den sórt sin leis an Ábhar Sonraí.

I gcás ina gcuireann Ábhar Sonraí i gcoinne Uiscebhealaí Éireann a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha eolaíochta, taighde stairiúla nó staidrimh, breithneoidh Uiscebhealaí Éireann aon agóid, féadfaidh sé an cinneadh a dhéanamh áfach, leanúint ar aghaidh lena leithéid de phróiseáil sa chás gur gá chun tasc a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail.

12.8 **Cearta a bhaineann le cinnteoireacht uathoibrithe lena n-áirítear próifíliú**

Ní úsáideann Uiscebhealaí Éireann cinnteoireacht uathoibrithe faoi láthair maidir le haon sonraí pearsanta a bhailíonn agus a phróiseálann sé. Má chinneann Uiscebhealaí Éireann cinnteoireacht uathoibrithe a úsáid sa todhchaí, ní úsáidfear í gan idirghabháil an duine chun tuairimí aonair a chur in iúl agus a bhreithniú. Cinnteofar leis sin nach ndéanfar aon chinneadh maidir le sonraí pearsanta bunaithe ar phróiseas uathoibrithe amháin.

13.0 Ár n-oibleagáidí chun Sonraí Pearsanta a dhaingniú

Ní féidir le fostaithe faisnéis phearsanta a choinneáil ar threalamh Uiscebhealaí Éireann gan a chinntiú ar dtús go bhfuil gá leis an fhaisnéis a choinneáil, go bhfuil bunús dlí ann leis sin a dhéanamh, agus bearta slándála iomchuí a chur i bhfeidhm chun rochtain neamhúdaraithe, nochtadh nó caillteanas a chosc. D'fhéadfadh gach faisnéis a choinnítear ar threalamh Uiscebhealaí Éireann (lena n-áirítear ríomhairí pearsanta, fóin chliste, fóin phóca, táibléid agus ríomhairí glúine) a bheith faoi réir cuardaigh, mar shampla, le linn Iarratais ar Rochtain ar Ábhair um Chosaint Sonraí a phróiseáil nó mar chuid de mheasúnú tréimhsiúil ar chomhlíonadh RGCS na Stiúrthóireachta agus an Réigiúin.

13.1 Cinnteoidh oifigigh tarmligthe Uiscebhealaí Éireann lena n-áirítear an Ceann TF an méid a leanas:

- Tá bearta slándála iomchuí i bhfeidhm chun sonraí pearsanta, idir chórais uathoibrithe agus láimhe, a chosaint;
- Rúndacht, sláine, infhaighteacht agus acmhainneacht leanúnach na gcóras agus na seirbhísí próiseála;
- An cumas chun infhaighteacht agus rochtain ar shonraí pearsanta a athbhunú go tráthúil i gcás teagmhas fisiciúil nó teicniúil;
- Próiseas chun éifeachtacht na mbeart teicniúil agus eagrúcháin a thástáil, a mheasúnú agus a mheas go rialta d'fhonn slándáil na próiseála a chinntiú;
- Tá córais sonraí pearsanta inrochtana ag baill foirne údaraithe amháin;
- Cuirfear baill foirne údaraithe a úsáideann na córais sin ar an eolas faoi nósanna imeachta slándála iomchuí agus faoi thábhacht a róil laistigh de na nósanna imeachta sin.
- Ní mór d'fhoireann údaraithe gan rochtain a fháil ar shonraí pearsanta ach amháin sa chás go bhfuil siad ábhartha do fhreagrachtaí a róil. Níor cheart dóibh a rochtain a úsáid riamh chun a dtaifid phearsanta féin nó taifid phearsanta daoine eile a fháil nó a fheiceáil nuair nach n-éilítear sin mar chuid de fhreagrachtaí a róil. Is trí Iarratas ar Rochtain ar Ábhar a chur isteach an bealach chun faisnéis phearsanta a fháil mar a mhínítear in **alt 12.2.**
- Déantar sonraí pearsanta nach dteastaíonn a thuilleadh a dhiúscairt trí stialladh de réir Ráiteas Beartais Bainistíochta um Thaifid Uiscebhealaí Éireann agus an Sceideal Coinneála agus Diúscartha a ghabhann leis.
- Cuireann baill foirne oibleagáidí Cosanta Sonraí chun feidhme a leagtar amach i mbeartais eile arna n-eisiúint ag Uiscebhealaí Éireann (**féach tagairtí beartais ar leathanach 2)** .

13.2. Ba chóir a bheith cúramach agus ríomhphost á úsáid chun faisnéis phearsanta íogair a tharchur. Ba cheart ríomhphoist ina bhfuil faisnéis phearsanta íogair a chriptiú nó faisnéis a sheoladh i gcóip chrua i gclúdach séalaithe.

13.3. Ba chóir go mbeadh ríomhairí glúine, ríomhairí pearsanta agus teirminéalacha lonnaithe ar staisiúin oibre ionas go bhfuil siad feicéalach d'fhoirne údaraithe amháin. Ba chóir don fhoireann a oibríonn ón bhaile aire ar leith a thabhairt lena chinntiú nach mbíonn rochtain neamhúdaraithe i gceist.

13.4. Caithfear comhaid chóip chrua ina bhfuil faisnéis phearsanta a stóráil in áit shlán le rochtain rialaithe. Nuair a aistrítear comhad ón stóráil beidh an ball foirne atá á dhéanamh sin freagrach as é a choinneáil slán i gcónaí, go háirithe nuair a thógtar isteach in áit phoiblí é.

13.5. Ná fág taifid phearsanta láimhe, asphriontaí etc, in áit gur féidir le baill foirne neamhúdaraithe iad a rochtain.

13.6. Beidh úsáid na meán leictreonach inbhainte (maidí USB, tiomántáin chrua iniompartha etc.) de réir bheartais TFC Uiscebhealaí Éireann.

13.7. D'fhéadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh ar rochtain mhíchuí nó neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta nó mura gcuirtear aon oibleagáid foirne eile i bhfeidhm maidir leis an mBeartas Cosanta Sonraí seo agus na beartais ghaolmhara.

14.0 Ní mór do chonraitheoirí seirbhíse a bheith de réir RGCS

14.1. **Dearbhú maidir le RGCS a chomhlíonadh chun críocha Tairisceana**
De ghnáth cuimsítear in aighneachtaí tairisceana le haghaidh conarthaí seirbhíse le hUiscebhealaí Éireann CVanna na mball foirne atá le bheith rannpháirteach i gconarthaí den sórt sin. Chun comhlíonadh RGCS a chinntiú, ba cheart go mbeadh Dearbhú Comhlíonta leis an RGCS sna cuirí tairisceana do gach conradh seirbhíse (**féach Aguisín G).** Ba cheart an dearbhú sin a chomhlánú, a shíniú agus a áireamh leis na Doiciméid Chonartha a chuirtear ar ais mar chuid den aighneacht Tairisceana.

14.2. **Conarthaí seirbhíse maidir le Próiseálaí Sonraí**
Fostaíonn Uiscebhealaí Éireann Próiseálaithe Sonraí chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar a cheann agus ar an dóigh sin cuireann sé ar chumas na heagraíochta a feidhmeanna a chomhlíonadh, seirbhísí a sholáthar don phobal agus don fhoireann, tacaíocht TF, agus sainchomhairle a chur ar fáil. Ní mór do Phróiseálaithe Sonraí gníomhú de réir cheanglais RGCS agus threoracha conartha Uiscebhealaí Éireann ar feadh ré an chonartha. Chuige sin, ní mór clásail chonartha RGCS agus Sceideal 1B a ghabhann leo maidir le gníomhaíochtaí próiseála arna n-eisiúint ag an Oifigeach Cosanta Sonraí a chomhlánú agus a ionchorprú sa chonradh sínithe. **Féach Aguisín H** (Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha RGCS do chonraitheoirí atá fostaithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann Uiscebhealaí Éireann).

14.3. **Réamhsholáthar**
Ní mór do bhainisteoirí a thabhairt chun solais in aon idirphlé réamhsholáthair le soláthraithe ionchasacha go mbeidh an conradh faoi réir RGCS chun soláthraithe a chur ar an eolas faoin reachtaíocht agus faoina n-oibleagáidí mar Phróiseálaí.

14.4. **Sonraíochtaí**
Ní mór do bhainisteoirí a chinntiú go leagtar amach sna sonraíochtaí conartha róil agus freagrachtaí Uiscebhealaí Éireann mar an Rialaitheoir agus an

Conraitheoir mar Phróiseálaí agus aon Fho-Phróiseálaithe, le linn thréimhse an chonartha. Ní mór an méid a leanas a shonrú sa tsonraíocht:

- Nuair is iomchuí, aon cheanglais theicniúla agus bearta eagrúcháin a chaithfidh an Próiseálaí a oibriú agus a chothabháil.

- Na ceanglais agus an próiseas maidir le hiniúchadh ar an Phróiseálaí chun comhlíonadh RGCS a sheiceáil; agus

- Aon oibleagáidí slándála atá coibhéiseach leo siúd a fhorchuirtear ar Uiscebhealaí Éireann mar an Rialaitheoir (leibhéal slándála a chur chun feidhme maidir leis na sonraí pearsanta is iomchuí don riosca), agus

- Ba cheart go ndéanfadh na sonraíochtaí agus na clásail chonartha tagairt do Sceideal 1B le haghaidh próiseála. Mura leanann an Próiseálaí na treoracha seo, agus má chinneann sé cuspóir na próiseála nó na modhanna próiseála iad féin, measfar an Próiseálaí a bheith ina Rialaitheoir maidir leis an phróiseáil sin.

14.5. **Bainistíocht Conartha/Dearbhú Soláthraí**

Ní mór do bhainisteoirí Uiscebhealaí Éireann gníomhaíochtaí seiceála leordhóthanacha a ionchorprú mar dhlúthchuid de bhainistíocht conartha lena chinntiú go bhfuil conraitheoirí ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin RGCS mar Phróiseálaí. D'fhéadfadh go n-áireofaí sna gníomhaíochtaí dearbhaithe soláthróirí iniúchtaí arna ndéanamh ag Uiscebhealaí Éireann nó iniúchóir tríú páirtí. Mura gcomhlíontar oibleagáidí, tá oibleagáid ar Uiscebhealaí Éireann beart feabhais a dhéanamh go práinneach leis an soláthraí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus ar rioscaí.

14.6. **Creat-chomhaontuithe a Úsáid**

Agus conarthaí á ndámhachtain acu ó Chreat-Chomhaontuithe seanbhunaithe, ní mór do bhainisteoirí a chinntiú go ndearnadh téarmaí an Chreat-Chomhaontaithe a nuashonrú d'fhonn clásail agus riachtanais RGCS a ionchorprú. Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) in Éirinn i ndiaidh teimpléid a nuashonrú do dhoiciméid tairisceana chun an RGCS a chur san áireamh. Cuirfear teimpléid ar fáil do Thuaisceart Éireann tríd an Stiúrthóireacht Lárnach Soláthair (SLS) laistigh den Roinn Airgeadais.

14.7. **Dliteanais Chonartha**

Ní cheadaítear do bhainisteoirí glacadh le clásail dhliteanais i gcás ina ndéantar Próiseálaithe a shlánú i gcoinne fíneálacha nó éilimh faoin RGCS. Leathnaíodh an córas pionóis dlí go díreach chuig Próiseálaithe chun feidhmíocht níos fearr agus cosaint fheabhsaithe a chinntiú maidir le sonraí pearsanta, dá bhrí sin dá ndéanfaí Próiseálaithe a shlánú go hiomlán le haghaidh aon fhíneálacha RGCS nó éilimh chúirte bhainfí an bonn de na prionsabail sin. Ar an dóigh chéanna, ní mór d'Uiscebhealaí Éireann é féin a shlánú in aghaidh aon fhíneálacha nó éilimh a ghearrtar ar Uiscebhealaí Éireann faoin RGCS trí chlásail atá dírithe ar chostas fíneálacha a aistriú chuig soláthraithe.

14.8. **Foirceannadh/Dul in éag Conartha**

Ar fhoirceannadh nó dul in éag conartha caithfidh an conraitheoir gach doiciméad agus sonraí pearsanta iarrtha a chur ar ais chuig Uiscebhealaí Éireann a luaithe is indéanta ar bhonn réasúnach, nó na socruithe imeachta sa chonradh a chomhlíonadh.

14.9. **Costas Comhlíonta**

Ní féidir le bainisteoirí glacadh le harduithe i bpraghsanna conartha ó chonraitheoirí mar thoradh ar obair a bhaineann leis an RGCS a chomhlíonadh. Meastar gurb iad na costais sin an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh san AE.

14.10. **Conarthaí seirbhíse nach gá sonraí pearsanta a phróiseáil ina leith**

Cé go n-aithnítear nach bhfuil rioscaí RGCS ag baint le conradh seirbhíse nach n-áiríonn freagracht as sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann Uiscebhealaí Éireann, tá sé tábhachtach cosaint a dhéanamh ar aon phróiseáil neamhúdaraithe sonraí pearsanta ar feadh ré na gconarthaí sin. Chun aon riosca féideartha a mhaolú, caithfear an clásal oibleagáide RGCS a leanas a ionchorprú i ngach conradh den sórt sin:

Clásal Oibleagáide maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

"Ní chuimsítear sa chonradh seo próiseáil sonraí pearsanta thar ceann Uiscebhealaí Éireann. Más gá sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann Uiscebhealaí Éireann le linn thréimhse an chonartha seo, ní fhéadfaidh an Conraitheoir déanamh amhlaidh ach amháin le comhaontú i scríbhinn roimh ré agus treoracha Uiscebhealaí Éireann ina leith, é sin i bhfoirm Aguisín leis an Chonradh maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGSC) a shíniú, a chuireann d'oibleagáid i ndáiríre ar an Chonraitheoir gníomhú de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus de réir an Achta um Chosaint Sonraí a ghabhann leis. Ní ghlacann Uiscebhealaí Éireann le dliteanas as gníomhartha, neamhghníomhartha nó gníomhaíochtaí an Chonraitheora i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh nó na forálacha reachtacha gaolmhara".

15.0 Comhroinnt Sonraí

Tugtar Comhroinnt Sonraí ar nochtadh sonraí pearsanta ag Uiscebhealaí Éireann d'eagraíocht nó d'eagraíocht(í) tríú páirtí nó do shonraí pearsanta a roinnt idir rannáin nó rannóga éagsúla d'Uiscebhealaí Éireann.

Ní féidir le réigiúin nó rannáin sonraí pearsanta a roinnt gan cead a fháil roimh ré ó Stiúrthóir nó ón Phríomhfheidhmeannach, ag féachaint don bhunús dlí chun na sonraí a roinnt, Comhaontú Comhroinnte Sonraí a bheith ann nó an gá atá leis, treoir ó na húdaráis mhaoirseachta, agus comhairle dlí de réir mar is gá.

15.1. **Cineálacha Comhroinnte Sonraí**
Is féidir an méid a leanas a bheith i gceist le comhroinnt sonraí:

(i) Comhroinnt chórasach, gnáthroinnt sonraí i gcás ina roinntear na tacair sonraí chéanna idir na heagraíochtaí céanna chun críoch sheanbhunaithe;

(ii) Cinntí eisceachtúla aonuaire chun sonraí a roinnt faoi choinne aon cheann de raon cuspóirí.

15.2. **Comhaontuithe maidir le Comhroinnt Sonraí**
Sa chás go bhfuil an riachtanas agus an bonn cirt le comhroinnt sonraí léirithe agus faofa ag Stiúrthóir nó ag an Phríomhfheidhmeannach, agus sa chás nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ann na sonraí a roinnt, ní mór do gach eagraíocht a bhfuil baint acu le comhroinnt sonraí Comhaontú Comhroinnte Sonraí a dhréachtú agus a shíniú, sula nochtfar na sonraí pearsanta. Caithfear cuspóir na comhroinnte sonraí a bheith leagtha amach go soiléir sa Chomhaontú agus na rialacha atá le glacadh ag na heagraíochtaí éagsúla lena mbaineann sé. Ba cheart í a athbhreithniú go rialta i gcás go bhfuil an fhaisnéis atá le roinnt ar scála mór nó ar bhonn rialta. Cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí pro forma an Chomhaontaithe Comhroinnte Sonraí ar fáil (**féach Aguisín D).**

16.0 Ár n-oibleagáidí chun Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) a dhéanamh

Is riachtanas dlíthiúil é Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí maidir le cineálacha áirithe próiseála liostaithe, nó aon phróiseáil eile ar dóigh go mbeadh riosca ard ann do leasanna daoine aonair. Ba cheart MTCS a dhéanamh i gcónaí le comhairle roimh ré ón Oifigeach Cosanta Sonraí.

Cuireann MTCS éifeachtach ar chumas Uiscebhealaí Éireann measúnú iomchuí a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí próiseála sonraí áirithe agus bearta a chur i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú go mór. Tá MTCSanna mar chuid d'oibleagáidí cuntasachta Uiscebhealaí Éireann agus léiríonn siad comhlíonadh RGCS. D'fhéadfadh sárú i ndáil le Cosaint Sonraí, damáiste d'Ábhair Sonraí aonair agus fíneálacha a ghearrfaidh na húdaráis mhaoirseachta a bheith mar thoradh ar mhainneachtain chun MTCS a dhéanamh.

Ní cleachtadh aonuaire é MTCS lena chur i gcomhad. Is próiseas beo é trí na bearta maolaithe riosca atá curtha i bhfeidhm agus dá bhrí sin caithfear MTCS a choinneáil faoi athbhreithniú chun a mheas má thagann athrú ar aon rud. Mar shampla, má dhéanann Réigiún/Rannóg aon athruithe suntasacha ar an dóigh nó ar an chúis a bpróiseálann siad sonraí pearsanta, nó ar mhéid na sonraí a bhailítear, caithfear an MTCS a athbhreithniú chun aon rioscaí nua a mheas. Nó má ardaítear ceist slándála nua, má chuirtear teicneolaíocht nua ar fáil, nó má chuirtear ábhar imní in iúl maidir le próiseáil sonraí pearsanta Uiscebhealaí Éireann ansin caithfear an MTCS a athbhreithniú.

Má nochtann MTCS go bhfuil an riosca próiseála ard agus nach féidir é a mhaolú, ceanglaítear ar Uiscebhealaí Éireann dul i gcomhairle leis an údarás maoirseachta ábhartha sula dtosaítear ar an phróiseáil sonraí. Féadfaidh rabhadh foirmiúil a bheith san áireamh le comhairle ón údarás maoirseachta gan na sonraí a phróiseáil nó chun an phróiseáil a thoirmeasc ar fad.

16.1 **Measúnú ar an ghá atá le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí a dhéanamh**

Sa chás go bhfuil sé beartaithe ag bainisteoirí sonraí pearsanta a stóráil nó a phróiseáil ar bhealaí nua, is gá na rioscaí a mheas agus cinneadh más gá Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) a dhéanamh. Molann na húdaráis mhaoirseachta freisin gur cheart MTCS a dhéanamh le haghaidh aon mhórthionscadal a éilíonn próiseáil sonraí pearsanta.

Faoi Airteagal 35 den RGCS, tá sé éigeantach MTCS a dhéanamh sna cúinsí a leanas:

- Próifíliú córasach fairsing a úsáid le héifeachtaí suntasacha
- Úsáid sonraí íogaire ar scála mór
- Faireachán córasach a dhéanamh ar áiteanna inrochtana poiblí ar scála mór

Ina theannta sin, ceanglaítear ar na húdaráis mhaoirseachta MTCS a chur i gcrích má tá sé beartaithe againn:

- Teicneolaíochtaí nua a úsáid
- Próifíliú nó sonraí de chatagóir speisialta a úsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir le rochtain ar sheirbhísí
- Próifíliú a dhéanamh ar dhaoine aonair ar scála mór
- Sonraí bithmhéadracha a phróiseáil
- Sonraí a mheaitseáil nó tacar sonraí ó fhoinsí éagsúla a chur le chéile
- Sonraí pearsanta a bhailiú ó fhoinse seachas an duine aonair gan Fógra Príobháideachais (Próiseáil Dhofheicthe) a sholáthar dóibh
- Suíomh nó iompar daoine aonair a rianú
- Próifíliú a dhéanamh ar leanaí nó spriocmhargaíocht a dhéanamh orthu nó spriocsheirbhísí ar líne a dhéanamh orthu, nó
- Sonraí a phróiseáil a d'fhéadfadh sláinte nó sábháilteacht fhisiciúil an duine a chur i mbaol i gcás sárú i ndáil le slándáil.

16.2. **Eisceachtaí ón ghá le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí a dhéanamh**
Ní cheanglaítear ar Uiscebhealaí Éireann MTCS a dhéanamh sna cásanna a leanas:

- Ní aithnítear daoine aonair sa phróiseáil sonraí pleanáilte. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas go bhféadfadh sonraí inaitheanta a bheith i gceist leis na sonraí a d'fhéadfadh a bheith ina sonraí 'gan ainm' má úsáidtear iad in éineacht le faisnéis eile. Is gá, dá bhrí sin, go dtabharfaí aird chúramach ar shonraí gan ainm lena chinntiú nach n-aithneofar daoine aonair leo.

- Tá Uiscebhealaí Éireann i mbun próiseála sonraí pearsanta ar bhonn oibleagáid dhlíthiúil nó tasc/feidhm phoiblí i bhfeidhmiú a údaráis oifigiúil. Ní bheidh feidhm ag an eisceacht sin ach amháin sna cásanna a leanas:

  (i) Tá bunús reachtúil soiléir againn don phróiseáil
  (ii) Soláthraíonn agus rialaíonn an fhoráil dlí nó an cód reachtúil go sonrach an oibríocht phróiseála atá i gceist
  (iii) Nílimid faoi réir oibleagáidí rialtais eile MTCSanna a chur i gcrích
  (iv) Rinneadh MTCS mar chuid den mheasúnú tionchair nuair a tugadh an reachtaíocht isteach

- Rinne muid MTCS cheana féin agus is féidir linn a thaispeáint go bhfuil nádúr, raon feidhm, comhthéacs agus cuspóirí na próiseála comhchosúil lena chéile.

- Ní theastaíonn MTCS mar thoradh ar threoir bhreise ó na húdaráis mhaoirseachta.

16.3. **An t-am agus an dóigh le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí a dhéanamh**

Caithfear MTCS a dhéanamh sula dtosaíonn Uiscebhealaí Éireann ag bailiú sonraí pearsanta agus ba cheart é a dhéanamh le comhairle roimh ré ón Oifigeach Cosanta Sonraí. Ba cheart MTCS a dhéanamh ag baint úsáid as an pro forma a sholáthraítear in Aguisín I nó arna eisiúint ar bhealach eile ag Oifigeach Cosanta Sonraí Uiscebhealaí Éireann**.** Ba cheart go síneodh do Stiúrthóir, Bainisteoir Réigiúnach nó a chomhionann MTCS comhlánaithe agus ba chóir é a chóipeáil chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí.

17.0 Oiliúint

Cinnteoidh Uiscebhealaí Éireann go mbeidh gach fostaí oilte go cuí ar cheanglais Chosanta Sonraí agus a n-oibleagáidí faoin RGCS, ar na hAchtanna gaolmhara agus ar an bheartas seo. Cuirfear oiliúint ar Chosaint Sonraí ar fáil do gach ball foirne nua agus don fhoireann atá ann cheana go rialta.

17.1. Cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí nó conraitheoir ceaptha oiliúint ar fáil i dtosach, agus neartóidh gach Bainisteoir Réigiúin nó Rannóige ina dhiaidh sin é chun comhlíonadh leanúnach leis an bheartas seo a bhaint amach.

17.2. Úsáidfear idirghabhálacha oiliúna éagsúla chun leibhéil éagsúla freagrachta a léiriú maidir le bailiú agus próiseáil sonraí pearsanta. Cuimseofar in oiliúint den sórt sin seimineáir, treoir duine le duine agus treoracha, modúil foghlama ar líne, agus eisiúint ciorclán faisnéise.

17.3. Ba cheart iarratais ar oiliúint agus/nó comhairle maidir le cur chun feidhme na gceanglas reachtach um Chosaint Sonraí a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (**féach Aguisín D).**

18.0 Tuairisciú ar Theagmhais

18.1. Tá freagracht ar Uiscebhealaí Éireann faireachán a dhéanamh ar gach teagmhas a d'fhéadfadh sárú a dhéanamh ar shlándáil/rúndacht faisnéise. Ba chóir gach teagmhas den sórt sin a thuairisciú don Oifigeach Cosanta Sonraí (féach Aguisín D).

18.2. Sa chás go dtarlaíonn teagmhais sáraithe nó sárú féideartha, ba cheart na Treoirlínte um Shárú Sonraí agus Láimhseáil Teagmhas a leanúint, agus iad sin á cheangal go ndéanfar aon teagmhas nó teagmhas amhrasta de shárú sonraí a thuairisciú láithreach don Oifigeach Cosanta Sonraí (**féach Aguisín D**). Déanfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí, i ndiaidh imscrúdú tosaigh a dhéanamh ar an teagmhas, cinneadh cé acu is gá fógra a thabhairt d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise nó don Choimisiún um Chosaint Sonraí laistigh de 72 uair an chloig ón teagmhas a bheith ar siúl. Tabharfar fógra don Ábhar Sonraí freisin mura meastar gur dócha go mbeidh an sárú ina riosca don duine is ábhar do na Sonraí.

19.0 An dóigh chun Gearán faoi Chosaint Sonraí a dhéanamh

Más mian leat gearán a dhéanamh maidir leis an bhealach a bhailímid nó a phróiseálaimid do chuid faisnéise pearsanta, nó feidhmiú do chearta faoin RGCS, téigh i dteagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí le comhfhreagras teileafóin, i scríbhinn nó ríomhphoist mar a shonraítear thíos.

Roisin MacRory
An tOifigeach Cosanta Sonraí
Uiscebhealaí Éireann **Ríomhphost: data.protection@waterwaysireland.org**
2 Bóthar Shligigh **Teil: +44 (0) 28 6632 3004**
Inis Ceithleann
Co Fhear Manach
BT74 7JY

Bí cinnte go ndéanfar imscrúdú iomlán ar gach gearán a gheofar. Le go bhféadfaimis aghaidh a thabhairt ar do ghearán go gasta agus go héifeachtach, iarraimid ort an oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar dúinn.

19.1. Ról Oifig an Choimisinéara Faisnéise sa Ríocht Aontaithe agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn

Má tá tú míshásta le torthaí an Oifigigh Cosanta Sonraí maidir le do ghearán, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Faisnéise sa RA nó leis an Choimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn. Is iad sin na húdaráis mhaoirseachta a fhorfheidhmíonn an reachtaíocht um Chosaint Sonraí thar ceann rialtais na RA agus na hÉireann.

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Wycliffe House
Water Lane
Wilmslow
Cheshire
England, SK9 5AF

Ríomhphost: casework@ico.org.uk
Teil: 0044 (0) 303 123 1113
www.ico.org.uk

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Teach na Canálach
Bóthar an Stáisiúin
Cúil an tSúdaire
Co. Laoise, R32 AP23

Riomphost: info@dataprotection.ie
Teil: 00353 (0761) 104 800
www.dataprotection.ie

Oifig Bhaile Átha Cliath:-

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
D02 RD28

I do chumarsáid le hOifig an Choimisinéara Faisnéise sa RA nó leis an Choimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, ba cheart duit an eagraíocht nó an duine aonair a bhfuil tú ag gearán faoi nó fúithi a shainaithint go soiléir. Ba cheart duit breac-chuntas a thabhairt freisin ar na céimeanna a ghlac tú chun go ndéileálfaidh an eagraíocht le do chuid ábhar imní agus an freagra a fuair tú. Ba cheart duit cóipeanna d'aon litreacha a sholáthar idir tú féin agus an eagraíocht chomh maith le fianaise/ábhar tacaíochta. Ansin tabharfaidh siad aghaidh ar an ábhar thar do cheann.

Gluais Téarmaí Beartais

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Téarma	Brí
Sonraí Pearsanta	Aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta (‘**Ábhar Sonraí’**); is duine nádúrtha inaitheanta duine is féidir a aithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d’aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suíomh, aitheantóir ar líne nó do thoisc amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le haitheantas fisiciúil, fiseolaíoch, géiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta an duine nádúrtha sin. **TABHAIR FAOI DEARA** **Is faisnéis iad sonraí pearsanta a ndéantar an méid a leanas ina leith:-** 1. Déantar í a phróiseáil trí threalamh a oibrítear go huathoibríoch mar fhreagairt ar threoracha a thugtar chun na críche sin; nó 2. Déantar í a thaifeadadh leis an rún gur chóir í a phróiseáil mar sin; nó 3. Taifeadtar í mar chuid de chóras comhdaithe struchtúrtha ábhartha nó leis an rún go mbeidh sé mar chuid de chóras den sórt sin. **Cuimsítear le Sonraí Pearsanta: -** **Sonraí uathoibrithe:** • Taifid ríomhaire; • Fuaim/físeán; • TCI agus íomhánna digiteacha; **Sonraí láimhe:** • Comhaid pháipéir; • Córais innéacs cártaí;
Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta	Tagraíonn RGCS do shonraí pearsanta íogaire amhail **‘Catagóirí Speisialta de Shonraí Pearsanta’.** Baineann sé sin le duine beo inaitheanta ach nochtann sé aon cheann díobh seo a leanas:- ▪ Cine nó eitneachas ▪ Tuairimí polaitiúla ▪ Creideamh reiligiúnach nó a leithéid nó creidimh eile ▪ Sláinte fhisiciúil nó mheabhrach ▪ Sonraí géiniteacha ▪ Claonadh gnéis ▪ Ballraíocht ceardchumainn ▪ Bithmhéadracht (nuair a úsáidtear í chun críocha aitheantais)

Téarma	Brí
	Cé nach liostaítear na nithe seo a leanas mar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta, bronntar cosaintí breise orthu: (i) Sonraí Leanaí (ii) Sonraí Coiriúla
Ábhar Sonraí	Duine aonair is ábhar do na sonraí a choinnítear
Próiseáil	Aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar thacair de shonraí pearsanta, cibé acu trí mhodhanna uathoibrithe nó eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó cur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó meascadh, srianadh, léirscriosadh nó díothú.
Srian le Próiseáil	Marcáil sonraí pearsanta stóráilte agus é mar aidhm a bpróiseáil a theorannú sa todhchaí.
Próifíliú	Aon chineál próiseáil uathoibrithe ar shonraí pearsanta arb é atá ann sonraí pearsanta a úsáid chun gnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine nádúrtha a mheas, go háirithe gnéithe a bhaineann le feidhmíocht an duine nádúrtha ag an obair, staid eacnamaíoch, sláinte, roghanna pearsanta, spéiseanna a anailísiú nó a thuar iontaofacht, iompar, suíomh nó gluaiseachtaí.
Ainm bréige	Próiseáil sonraí pearsanta ar bhealach nach féidir na sonraí pearsanta a chur i leith Ábhar Sonraí ar leith a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, ar choinníoll go gcoinnítear an fhaisnéis bhreise sin ar leithligh agus go bhfuil sí faoi réir bearta teicniúla agus eagrúcháin chun a chinntiú go ndéantar sonraí pearsanta a chur i leith duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta.
Córas Comhdaithe Struchtúrtha	Aon tacar struchtúrtha sonraí pearsanta atá inrochtana de réir critéir shonracha, cibé acu láraithe, dílláraithe nó scaipthe ar bhonn feidhme nó geografach. Déantar na sonraí pearsanta a struchtúrú trí thagairt a dhéanamh do dhaoine aonair nó trí thagairt do chritéir a bhaineann le duine ar leith.
Rialaitheoir	Duine nádúrtha nó duine dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt le daoine eile, críocha agus modhanna próiseála sonraí pearsanta; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí AE nó ballstát, féadfar foráil a dhéanamh don Rialaitheoir nó do na critéir shonracha lena n-ainmniú le dlí AE nó ballstát. Is é Uiscebhealaí Éireann an Rialaitheoir Sonraí d'fhormhór na ngníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéanann sé.

Téarma	Brí
Próiseálaí	Duine nádúrtha nó duine dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an Rialaitheora. Is é Uiscebhealaí Éireann an Próiseálaí Sonraí i gcúinsí áirithe e.g. Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona (HMRC) agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim in Éirinn. Fostaímid Próiseálaithe Sonraí freisin chun seirbhísí áirithe a sholáthar ar ár son e.g. ár roinn Teicneolaíocht Faisnéise (TF).
Faighteoir	Duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile, a nochtar na sonraí pearsanta dó nó di, cibé acu tríú páirtí é nó nach ea. Ní mheasfar gur faighteoirí iad údaráis phoiblí a fhéadfaidh sonraí pearsanta a fháil faoi chuimsiú fiosrúcháin áirithe de réir na reachtaíochta; comhlíonfaidh próiseáil na sonraí sin ag údaráis phoiblí na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de réir chuspóirí na próiseála.
Tríú páirtí	Údarás nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht seachas an tÁbhar Sonraí, an Rialaitheoir, an Próiseálaí agus duine atá, faoi údarás díreach an Rialaitheora nó an Phróiseálaí, údaraithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil.
Oifigeach Cosanta Sonraí	An teagmhálaí in Uiscebhealaí Éireann atá freagrach as cloí éifeachtach leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus as comhairle agus treoir a sholáthar.
Toiliú an Ábhair Sonraí	Aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí a dhéanann an tÁbhar Sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi.
Sárú i ndáil le Sonraí Pearsanta	Sárú i ndáil le slándáil as a dtagann díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé de thaisme nó neamhdhleathach.
Sonraí Géiniteacha	Sonraí pearsanta a bhaineann le tréithe géiniteacha duine nádúrtha a fuarthas le hoidhreacht nó a fuarthas, a thugann faisnéis uathúil faoi fhiseolaíocht nó sláinte an duine nádúrtha sin agus arb é atá iontu an toradh, go háirithe, ar anailís arna déanamh ar shampla bitheolaíoch ón duine nádúrtha atá i gceist.
Sonraí Bithmhéadracha	Sonraí pearsanta a eascraíonn as próiseáil theicniúil shonrach agus a bhaineann le saintréithe fisiciúla, fiseolaíocha nó iompraíochta duine nádúrtha, ar sonraí iad lena gceadaítear nó lena ndeimhnítear sainaithint uathúil an duine nádúrtha sin, amhail íomhánna den aghaidh nó méarloirg.

Téarma	Brí
Sonraí a bhaineann leis an tSláinte	Sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach duine nádúrtha, lena n-áirítear soláthar seirbhísí cúraim sláinte, lena nochtar faisnéis faoina stádas sláinte.
Ionadaí	Déanann duine nádúrtha nó dlítheanach a ainmníonn an Rialaitheoir nó an Próiseálaí i scríbhinn ionadaíocht thar ceann an Rialaitheora nó an Phróiseálaí maidir lena n-oibleagáidí cosanta sonraí faoi seach.
Údarás Maoirseachta	Údarás poiblí neamhspleách a bhunaíonn rialtais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta um Chosaint Sonraí. Seo í Oifig an Choimisinéara Faisnéise sa RA agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn.

Aguisín B

Treoirlínte maidir le Sárú i ndáil le Sonraí agus Láimhseáil Teagmhas

1.0 Réamhrá

1.1 Tá freagracht ar Uiscebhealaí Éireann faireachán a dhéanamh ar gach teagmhas a tharlaíonn laistigh den eagraíocht a d'fhéadfadh sárú a dhéanamh ar shlándáil/rúndacht faisnéise.

1.2 Is gá gach eachtra a shainaithint, a thuairisciú, a imscrúdú agus faireachán a dhéanamh air. Is trí ghlacadh leis an chur chuige sin is féidir le hUiscebhealaí Éireann tarluithe den sórt sin in athuair a chosc.

NÓTA
Ní bhaineann na treoirlínte seo le teagmhais thromchúiseacha inar cheart prionsabail na ríomhfhóiréinsice a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil fianaise a bhailítear inghlactha sa chúirt. I gcásanna den sórt sin lorgóidh an tOifigeach Cosanta Sonraí comhairle/cúnamh gairmiúil, lena n-áirítear ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) nó ón Gharda Síochána nuair is gá.

2.0 Cineálacha eachtraí slándáil faisnéise

2.1 D'fhéadfadh sáruithe ar shlándáil faisnéise/rúndacht cur isteach ar oibríochtaí gnó agus d'fhéadfadh siad dochar a dhéanamh d'Uiscebhealaí Éireann ina iomláine. D'fhéadfadh sáruithe den sórt sin a bheith ina mbagairt do shábháilteacht phearsanta nó do phríobháideacht duine/daoine aonair agus d'fhéadfadh gníomh araíonachta agus smachtbhannaí dlí a bheith mar thoradh orthu.

2.2 I measc samplaí de na cineálacha eachtraí sin tá:

- Damáiste nó goid/cailliúint faisnéis phearsanta (idir láimhe nó leictreonach);
- Faisnéis/taifid phearsanta a fhágáil i limistéar poiblí;
- Diúscairt mhícheart ar fhaisnéis phearsanta nuair nach gá í a thuilleadh;
- Rochtain neamhúdaraithe ar fhaisnéis phearsanta;
- Nochtadh neamhúdaraithe faisnéis phearsanta i bhformáid ar bith lena n-áirítear ó bhéal;
- Aistriú faisnéis phearsanta chuig an duine mícheart (trí ríomhphost, sa phost nó ar an teileafón);
- Aitheantais ríomhaire agus pasfhocail a roinnt.

2.3 Caithfear gach sárú a ghlacadh dáiríre agus a thuairisciú de réir an phróisis mar a leanas. Má bhíonn aon amhras ann faoi cad is teagmhas slándála ann, ba cheart don fhoireann teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí.

3.0 Teagmhais a thuairisciú

3.1 Ní mór aon teagmhas nó teagmhas amhrasta a thuairisciú láithreach do bhainisteoir líne mar chailleadh/sárú i ndáil le faisnéis, agus ina dhiaidh sin don Oifigeach Cosanta Sonraí (**féach Aguisín D).** Más fearr leis an bhall foirne fanacht gan ainm, ní gá ainm a sholáthar.

3.2 I gceist leis sin d'fhéadfadh sé go ndéanfadh an fhoireann tuairisciú ar theagmhais bhreathnaithe nó amhrasta nó ar ghníomhartha daoine eile trína gcuirtear an tslándáil faoi bhagairt (**féach Beartas Chód Iompair Fhostaithe Uiscebhealaí Éireann).**

4.0 Imscrúdú, taifeadadh agus torthaí teagmhas

4.1 Déanfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí measúnú tosaigh ar thábhacht an chaillteanais agus cé acu atá gá le gníomh agus/nó imscrúdú breise – lena n-áireofar measúnú ar iarmhairtí díobhálacha féideartha do dhaoine aonair agus cé chomh dóchúil is atá sé go dtarlóidh siad sin.

4.2 Socróidh an tOifigeach Cosanta Sonraí cé a gcaithfear a chur ar an eolas faoin sárú agus an gníomh maidir le srianadh, lena n-áirítear fógra a thabhairt do dhaoine lena mbaineann agus d'eagraíochtaí ábhartha.

4.3 Má théann sé i gcion ar líon mór daoine nó dá bhféadfadh iarmhairtí an-tromchúiseacha a bheith ag eascairt as an sárú, cuirfear na húdaráis mhaoirseachta um Chosaint Sonraí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF) nó an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar an eolas laistigh de 72 uair an chloig ón chéad uair ar tháinig siad ar an eolas faoin sárú, agus más iomchuí Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann nó An Garda Síochána.

4.4 Tabharfar fógra do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí de réir Threoir OCF ar bhainistíocht sáraithe slándála sonraí.

4.5 Nuair is iomchuí, treoróidh an tOifigeach Cosanta Sonraí, nó ainmní, imscrúdú chun imthosca an teagmhais, méid aon chaillteanais agus na himpleachtaí don eagraíocht a dhéanamh amach.

4.7 Sa chás gur tharla teagmhas de bharr gur mhainnigh ball foirne beartas Uiscebhealaí Éireann a chur chun feidhme maidir le bainistíocht faisnéise féadfar dul i gcomhairle leis an Cheann Acmhainní Daonna agus Stiúrthóir Airgeadais agus Pearsanra. D'fhéadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh ar ghníomh faillíoch nó mailíseach ó fhostaí ar chúis le sárú é i ndáil le sonraí.

4.8 Cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí nó an tIniúchadh Inmheánach tuarascáil ar fáil, ina leagtar amach na himthosca, méid agus impleachtaí an teagmhais mar aon le moltaí chun aon teagmhas dá shamhail ina dhiaidh sin a chosc, nuair is ábhartha.

4.9 Déanfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí beart lena chinntiú go gcuirtear ceachtanna a foghlaimíodh ón teagmhas i bhfeidhm ar bheartais agus ar chleachtais atá ann cheana. D'fhéadfadh go n-áireofaí air sin athruithe a chur chun feidhme ar chórais rialaithe nó córais rialaithe bhreise a thabhairt isteach, feasacht a mhéadú ar riosca faisnéise, nó na ceachtanna a foghlaimíodh a scaipeadh.

4.10 Cinnteoidh an tOifigeach Cosanta Sonraí go ndéantar teagmhais a logáil chun go bhféadfar clár lárnach a choinneáil de gach teagmhas a tharlaíonn laistigh den eagraíocht.

5.0 Gadaíocht/Caillteanas Trealaimh TF

5.1 Ní mór gach eachtra a bhaineann le sáruithe slándála agus rúndachta sa chás go ndearnadh gadaíocht/gur cailleadh trealamh TF a thuairisciú láithreach don Cheann TF.

Aguisín C.

Seicliosta Ráithiúil maidir le Comhlíonadh Cosanta Sonraí

ROINN / RANNÓG / RÉIGIÚN	
TRÉIMHSE	
COMHLÁNAITHE AG	
DÁTA	

1.	**Sonraí Pearsanta a Phróiseáil**	**Dearfach**	**Diúltach**	**N/Bh.**
1.1.	Rinne muid na sonraí pearsanta (SP) a próiseáladh a dhoiciméadú agus a athbhreithniú, cá as a dtagann siad, cé leis a roinntear iad agus cá fhad a choinnítear iad ar Thaifead Gníomhaíochtaí Próiseála RGCS [TGP]	☐	☐	☐ Ná déan SP a phróiseáil
1.2.	Tá ár mbonn dleathach maidir le sonraí pearsanta ar Thaifead Gníomhaíochtaí Próiseála RGCS (Colún V) sainaitheanta agus doiciméadaithe againn.	☐	☐	☐
1.3.	Má úsáidtear "Toiliú" [Airteagal 6(1)(a)] mar bhunús dleathach, tá próiseas i bhfeidhm againn chun an toiliú sin a bhainistiú. Tag. Ailt 7.0 & 9.0 sa Bheartas maidir le Cosaint Sonraí. *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair sonraí in Iarscríbhinn A, le do thoil*	☐	☐	☐ Níor úsáideadh toiliú
1.4.	D'aithin muid cé na cásanna ina mbíonn na sonraí a bhaineann le "Catagóir Speisialta" á bpróiseáil. Tag. Alt 10.0 i mBeartas DP. *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair mionsonraí maidir le cén dóigh a ndéantar sonraí a bhaineann le Catagóir Speisialta a phróiseáil agus na rioscaí a mhaoladh in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	☐ Ná déan Catagóir Speisialta SP a phróiseáil
2.	**Cosaint Sonraí - Cearta an Duine Aonair**	**Dearfach**	**Diúltach**	**N/bh.**
2.1.	Chuir muid faisnéis phríobháideachais ar fáil do dhaoine aonair, nuair a bhíonn a gcuid sonraí pearsanta á mbailiú againn nó nuair a mheas muid go bhfuil Fógra Príobháideachais leordhóthanach *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair mionsonraí ar na cúiseanna in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	☐
2.2.	Is féidir linn Iarrataí ar Rochtain ar Ábhair a shainaithint agus táimid ar an eolas faoin nós imeachta chun freagairt a thabhairt ina leith *Aguisín E sa Bheartas um Chosaint Sonraí.*	☐	☐	☐
2.3.	Táimid ar an eolas faoi na cearta eile atá ar fáil do dhaoine	☐	☐	☐

	aonair faoin RGCS agus an próiseas chun freagairt a thabhairt ina leith. Tag. Alt 11 den Bheartas um Chosaint Sonraí.			
3.	**Cosaint Sonraí - Bearta Teicniúla agus Eagraíochtúla**	**Dearfach**	**Diúltach**	**N/bh**
3.1.	Táimid ar an eolas faoi na beartais agus faoin treoir maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, agus rinneamar iad a ionchorprú inár nósanna imeachta. *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair mionsonraí ar na bearta atá i bhfeidhm in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	☐
3.2.	Táimid sásta go bhfuil an leibhéal cuí feasachta agus oiliúna ar RGCS agus sonraí pearsanta ag baill foirne ar gach leibhéal Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, *tabhair mionsonraí in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	
		Dearfach	**Diúltach**	**N/bh**
3.3.	Ar iarr tú tairiscintí NUA ón tréimhse thuairiscithe dheireanach?	☐	☐	
3.4.	Nuair a d'iarr tú Tairiscintí a bheith á dtíolacadh ar chonarthaí seirbhíse, ar eisigh tú an Dearbhú Comhlíonta maidir le RGCS chun críocha Tairisceana? (féach Aguisín G den bheartas). *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair mionsonraí ar na cúiseanna agus na maoluithe in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	☐ Ná hiarr tairiscintí
3.5.	Sa chás go bhfostaítear conraitheoirí chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann Uiscebhealaí Éireann, sínítear clásail chonartha nó Aguisíní a chomhlíonann an RGCS (féach Aguisín H den bheartas). *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair mionsonraí ar na cúiseanna agus na maoluithe in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	☐ Níor fostaíodh ceann ar bith
3.6.	An bhfuil clásal ginearálta an chonartha RGCS san áireamh i ngach conradh seirbhíse a síníodh nach mbíonn próiseáil sonraí pearsanta i gceist iontu? (féach cuid 14.10 den bheartas). *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair mionsonraí ar na cúiseanna agus na maoluithe in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	☐ Níl aon chonarthaí i bhfeidhm
3.7.	Ar bunaíodh aon chaidrimh roinnte / próiseála sonraí tríú páirtí NUA ón tréimhse thuairiscithe seo caite? *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair mionsonraí in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	
3.8.	Tá próiseas againn chun sonraí pearsanta a bhaint nuair nach bhfuil siad ag teastáil a thuilleadh, lena n-áirítear an áit a bpróiseálann comhlacht eile na sonraí sin faoi chonradh *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair mionsonraí ar na cúiseanna in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	☐
3.9.	Tá aithne ag an fhoireann ar an Oifigeach Cosanta Sonraí	☐	☐	
4.	**Príobháideachas**	**Dearfach**	**Diúltach**	**N/bh**
4.1.	Tuigimid go bhfuil gá le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) agus aon bheartas nó próiseas á mheas, agus	☐	☐	☐

déanaimid Cosaint Sonraí a chomhtháthú inár ngníomhaíochtaí próiseála *Aguisín I den Bheartas Cosanta Sonraí*			
4.2. An bhfuil MTCS tugtha chun críche agat nó an bhfuil tú ag obair ar MTCS? ***MÁ TÁ, tabhair sonraí in Iarscríbhinn A.***	☐	☐	
4.3. Stóráiltear sonraí pearsanta go daingean i gcónaí agus déantar rochtain a rialú ***MURA STÓRÁILTEAR**, tabhair mionsonraí ar na bearta atá i bhfeidhm in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	
4.4. Táimid ar an eolas faoi na Treoirlínte um Shárú Sonraí agus Láimhseáil Teagmhas agus leanaimid iad nuair is gá *Aguisín B den Bheartas Cosanta Sonraí*	☐	☐	
4.5. Ar tharla aon teagmhas duit maidir le Caillteanas Sonraí nó Sárú i ndáil le Sonraí ón tréimhse thuairiscithe dheiridh? ***MÁ THARLA**, tabhair sonraí in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	
4.6. Bíonn a fhios againn nuair a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil lasmuigh den **LEE** agus tá cosaint leordhóthanach cinntithe againn maidir leis na sonraí. Nóta: Tá an Ríocht Aontaithe lasmuigh den LEE anois. ***MURA mBÍONN**, tabhair mionsonraí ar na bearta atá i bhfeidhm in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	☐
4.7. Bíonn a fhios againn nuair a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil lasmuigh den **RA** agus tá cosaint leordhóthanach cinntithe againn maidir leis na sonraí. ***MURA mBÍONN**, tabhair mionsonraí ar na bearta atá i bhfeidhm in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	☐

5. Bainistíocht Taifead	**Dearfach**	**Diúltach**	**N/Bh**
5.1. Táimid ar an eolas faoin Bheartas Bainistíochta Taifead agus rinneamar é sin a ionchorprú inár bpróisis	☐	☐	
5.2. Chuir muid an Sceideal Coinneála & Diúscartha i bhfeidhm maidir le gach taifead *Má thugtar **FREAGRA DIÚLTACH**, tabhair mionsonraí ar na bearta atá i bhfeidhm in Iarscríbhinn A.*	☐	☐	

Iarscríbhinn A

Seicliosta maidir le Comhlíonadh Cosanta Sonraí
Tuilleadh Sonraí Maidir le Freagraí

Uimh.	Tuilleadh Sonraí

Sonraí Teagmhála le haghaidh Oifigeach Cosanta Sonraí Uiscebhealaí Éireann

Roisin MacRory
Oifigeach Cosanta Sonraí
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Contae Fhear Manach
BT74 7JY

Teileafón: +44 (0) 28 6632 3004

Ríomhphost: data.protection@waterwaysireland.org

Aguisín E.

Foirm Iarratais Duine ar a S(h)onraí Uiscebhealaí Éireann

Iarratas duine ar nochtadh a S(h)onraí Pearsanta faoi
na hAchtanna um Chosaint Sonraí sa RA nó in Éirinn 2018
agus faoi Alt 12 dár mBeartas Cosanta Sonraí 2018

Do Chearta

Faoi réir díolúintí áirithe, tá sé de cheart agat a fháil amach mas amhlaidh go gcoinnítear aon fhaisnéis phearsanta fút **(an tÁbhar Sonraí),** an chúis/na cúiseanna a bhfuil sí á coinneáil agus cé a úsáideann an fhaisnéis sin. Tá sé de cheart agat freisin cóip den fhaisnéis sin a fháil. Cuimsítear léi íomhánna a ghabh TCI.

Léigh ár bhFógra Príobháideachais ag https://www.waterwaysireland.org/privacy-notice chun níos mó a fhoghlaim faoi do Chearta Cosanta Sonraí agus faoin dóigh a mbailíonn agus a gcoinníonn Uiscebhealaí Éireann sonraí pearsanta mar Rialaitheoir Sonraí.

Is féidir teacht ar chóip den Fhógra Príobháideachais seo freisin trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí:

Teileafón: +44 (0) 28 6632 3004
Ríomhphost: data.protection@waterwaysireland.org

Cearta Uiscebhealaí Éireann

Ní cheanglaítear ar Uiscebhealaí Éireann an fhaisnéis atá á lorg agat a thabhairt duit ach amháin má tá sé sásta faoi do chéannacht. Ní cheanglaítear orainn faisnéis a sholáthar más féidir duine eile a aithint ón fhaisnéis sin, mura dtoilíonn an duine sin leis an nochtadh, agus féadfaimid rochtain ar fhaisnéis phearsanta a dhiúltú i gcás go gceadaítear í de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Ar chuma ar bith, áfach, tabharfaimid freagra ar d'Iarratas Duine ar a S(h)onraí laistigh de 1 mhí féilire ón uair a fhaightear é, má thug tú cruthúnas céannachta inghlactha dúinn agus má chuidigh tú linn an fhaisnéis riachtanach a aimsiú, más ann di.

Más gá dúinn an spriocdháta le haghaidh freagra a thabhairt duit a shíneadh 2 mhí eile mar gheall ar chastacht d'iarrata nó líon na n-iarratas a bhfuilimid ag déileáil leo, cuirfimid ar an eolas tú faoin síneadh ama seo laistigh de 1 mhí féilire i ndiaidh dúinn d'iarraidh a fháil agus míneoimid cúiseanna na moille duit.

Más mian leat a fháil amach cén cineál faisnéise, más ann di, a d'fhéadfaí a choinneáil fút ansin comhlánaigh **gach alt ábhartha ar** an fhoirm Iarratais seo Duine ar a S(h)onraí.

Ceanglaítear ort in Ailt 1,2 agus 3 faisnéis leordhóthanach a thabhairt fút féin amhail an t-iarratasóir (agus an t-ábhar sonraí más infheidhme) chun cuidiú le hUiscebhealaí Éireann d'aitheantas a dhearbhú. Tá sé de dhualgas orainn a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis phearsanta atá á coinneáil againn slán, agus ní mór dúinn a bheith sásta gur tú an duine a deir tú. Ceanglaítear ort i gCuid 4 fianaise ar do chéannacht a chur faoi iamh le d'iarratas. Cabhróidh ailt 5 agus 6 linn an fhaisnéis a d'iarr tú a aimsiú.

Agus an fhoirm Iarratais seo Duine ar a Shonraí á comhlánú agat, bain úsáid as bloclitreacha agus dúch dubh.

Cuid 1: Sonraí an Iarratasóra

Sloinne an Iarratasóra: …… Teideal: An tUasal/Iníon/Bean ……...

Céadainm(neacha): ……..... **Dáta Breithe**……..……

Seoladh: ……..……

……..……

……

Cód Poist: ……**Tír** ……. ……

Uimhir Ghutháin sa Lá …… ..
(Bheadh uimhir theileafóin ina chuidiú sa chás go gcaithfimid teagmháil a dhéanamh leat faoin Iarratas seo Duine ar a S(h)onraí)

Ríomhphost: …… ..

Cuid 2: Fíorú

An tusa an t-ábhar sonraí? **Is mé/Ní mé**
(*Más tú, téigh ar aghaidh chuig Cuid 3, Murach tú, comhlánaigh an chuid eile de Chuid 2 thíos).*

Ceangail cóip den údarás atá agat chun gníomhú thar ceann an Ábhair Sonraí.
Nóta: Ní phróiseálfar an iarraidh seo mura mbeidh fianaise údaráis den sórt sin ag gabháil léi.

Le húsáid ag Gníomhairí an Ábhair Sonraí amháin :
Tabhair ainm iomlán an Ábhair Sonraí, an Dáta Breithe agus an seoladh thíos:

Sloinne: …… Teideal: An tUasal/Iníon/Bean ……

Céadainm(neacha): …… **Dáta Breithe:** ……

Seoladh: ……

……

……

Cód Poist: ……**Tír…** ……..…

Uimhir Ghutháin sa Lá …… ..

Ríomhphost:
…… ..

Cuid 3: An tÁbhar Sonraí – Sonraí Pearsanta Breise

Más dóigh go gcuimseofar in aon sonraí a d'fhéadfaí a choinneáil fút/faoin Ábhar Sonraí ainm nó seoladh atá difriúil ón cheann a thugtar i gcuid 1 nó 2, tabhair sonraí thíos:

Sloinne Roimhe Seo/Sloinne roimh Phósadh: …… .. ....

Seoladh: . …… ..…

……

……

Cód Poist: ……**Tír…** ……

Cuid 4: An tÁbhar Sonraí – Cruthúnas Céannachta

D'fhonn cuidiú le hUiscebhealaí Éireann d'aitheantas a bhunú mar Ábhar Sonraí, cuir faoi iamh le d'iarratas cóip de cheann amháin de na doiciméid a leanas chun d'ainm, do sheoladh agus do dháta breithe a dhearbhú:

(a) Pas
NO
(b) Ceadúnas Tiomána

Mura bhfuil ceachtar de na doiciméid thuas agat, soláthraigh

(c) Cóip d'fhoirm mhalartach de chéannacht ghrianghrafadóireachta oifigiúil nó de chéannacht oifigiúil eile

Má bhíonn TCI á iarraidh aige nó aici, ní mór grianghraf d'aghaidh iomlán a tógadh le déanaí a bheith sa chéannacht fhótaghrafach.

Cuid 5: Cineál an Iarrata ar Rochtain ó Ábhar Sonraí

Sonraí iarrtha: (Déan cur síos chomh beacht agus is féidir leat ar na sonraí atá á lorg agat. A oiread is cruinne is féidir leat a bheith is ea is fearr a bheimid in ann cabhrú leat. Lean ar aghaidh ar bhileog ar leithligh más gá):

Cuid 6: Iarratais ar TCI amháin

Tabhair tuilleadh faisnéise a chuideoidh leat na híomhánna atá á n-iarraidh agat a aimsiú (caithfear an dáta, an t-am (uastréimhse 2 uair an chloig) agus an áit a sholáthar, bheadh cur síos ar a raibh á chaitheamh agat agus aon duine eile lena raibh tú ina chuidiú, agus má tá feithicil, maoin nó aon fhaisnéis úsáideach eile i gceist leis an iarraidh, cuir anseo í) :

Airde, go garbh …… ..

……

……

……

……

Alt 7: Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm Iarratais seo Duine ar a Shonraí ceart.

Ainm: ……

Arna shíniú: ……

Arna dhátú: ……

Seol an fhoirm chomhlánaithe maidir le hIarratas Duine ar a S(h)onraí agus cruthúnas céannachta tríd an phost nó ar r-phost chuig an seoladh seo a leanas:-

Oifigeach Cosanta Sonraí
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Contae Fhear Manach
BT74 7JY

Trí ríomhphost chuig data.protection@waterwaysireland.org

Dearbhú faoin Acht um Chosaint Sonraí: Úsáidfear na sonraí a bhaileofar leis an fhoirm seo chun d'iarraidh a phróiseáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 2018. Coinneoidh an tOifigeach Cosanta Sonraí é agus féadfar é a aistriú chuig codanna eile d'Uiscebhealaí Éireann chun do chéannacht a fhíorú nó chun d'iarratas ar shonraí a phróiseáil. Coinneofar na sonraí ar feadh 7 mbliana ón dáta a thug muid freagra ar d'iarratas, ach amháin sa chás go mbíonn d'iarratas mar chuid de chás leanúnach, agus sa chás sin coimeádfar na sonraí chomh fada agus is gá.

Don Oifig Amháin

Dáta ar a bhfuarthas an Fhoirm Iarratais Duine ar a Shonraí:
……

Tagairt an chomhaid d'Uiscebhealaí Éireann…… ..

Seiceáladh an fhoirm iarratais: ☐

Seiceáladh na foirmeacha céannachta: ☐

Sonraí na ndoiciméad céannachta a fuarthas:

……

……

Ainm an oifigigh in Uiscebhealaí Éireann a phróiseáil Iarratas Duine ar a S(h)onraí:

……..……...

Post: ……...….

Suíomh: …….

Dáta ar ar tugadh an t-iarratas chun críche:……

Síniú: ……..…….

Cinnteoirí um Chosaint Sonraí Uiscebhealaí Éireann

Is baill foirne shinsearacha iad na cinnteoirí dá dtagraítear sa bheartas seo atá ag gníomhú thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh le freagracht tarmligthe chun moltaí/cinntí a dhéanamh maidir le ‘Cearta Ábhar Sonraí’. Breithneofar na gráid foirne a leanas mar Chinnteoirí maidir le cur chun feidhme an bheartais um Chosaint Sonraí seo.

- Stiúrthóirí
- Bainisteoirí Réigiúnacha
- Ceannasaithe Feidhme nó a gcomhionann
- Innealtóirí Sinsearacha nó a gcomhionann

Aguisín G

Dearbhú um Chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) chun críocha Tairisceana

1. Léigh Fógra Príobháideachais RGCS Uiscebhealaí Éireann ar ár suíomh gréasáin ag https://www.waterwaysireland.org/privacy-notice

Dearbhaímid gur thoiligh gach Ábhar Sonraí a gcuirtear a Sonraí Pearsanta ar fáil inár dTairiscint go bpróiseálfaidh muidne, an tÚdarás Conarthach, an Fhoireann Meastóireachta agus soláthróir an tsuímh ghréasáin, etenders.gov.ie na Sonraí Pearsanta sin chun críocha ár rannpháirtíochta sa Chomórtas seo nó go bhfuil bunús dlí againn ar bhealach eile chun na Sonraí Pearsanta sin a sholáthar don Údarás Conarthach chun críocha ár rannpháirtíochta sa Chomórtas seo agus go gcuirfimid fianaise maidir leis an toiliú agus/nó an bunús dlí sin ar fáil don Údarás Conarthach arna iarraidh sin más gá.

2. Úsáidfear an fhaisnéis phearsanta a sholáthraítear i ndáil leis an tairiscint seo chun na gcríoch a leanas;
    - Measúnú Tairisceana
    - Ceanglais Iniúchta, agus
    - Chun Inniúlacht Sláinte & Sábháilteachta a léiriú

    Ní choinneofar an fhaisnéis seo níos faide ná mar is gá agus de réir Sceideal Coinneála agus Diúscartha Uiscebhealaí Éireann.

3. Dearbhaímid gur léigh muid agus gur thuig muid Fógra Príobháideachais RGCS foilsithe Uiscebhealaí Éireann.

Sínithe ag: _____

Ainm Priontáilte:_____

Le haghaidh agus thar ceann:_____

Dáta:_____

Aguisín H (**SCEIDEAL 1A)**
(Leagan an 22ú Meitheamh 2018)

CLÁSAIL CHAIGHDEÁNACHA CONARTHA RGCS
do chonraitheoirí atá fostaithe chun Sonraí Pearsanta a phróiseáil thar ceann Uiscebhealaí Éireann

Ceanglaíonn Uiscebhealaí Éireann ar gach conraitheoir atá ag gabháil do phróiseáil **Sonraí Pearsanta** an Aguisín RGCS seo a shíniú agus a chur chun feidhme ar chonradh, i gcomhréir le Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an Aontais Eorpaigh (RGCS-AE) a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018 agus i gcomhréir le Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí na RA (RGCS-RA) a tháinig i bhfeidhm an 31 Eanáir 2020.

SAINMHÍNITHE RGCS MAIDIR LE TAGAIRT LÁITHREACH

RGCS-AE: An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí *(Rialachán (AE) 2016/679)*

RGCS: An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí na RA

TFD: An Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí *(Treoir (AE) 2016/680)*

Reachtaíocht um Chosaint Sonraí : (i) an RGCS, an TFD agus aon Dlíthe cur chun feidhme atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna leasú ó am go ham (ii) an tAcht um Chosaint Sonraí in Éirinn 2018 agus An tAcht um Chosaint Sonraí sa RA, 2018 arna leasú leis na Rialacháin um Chosaint Sonraí, Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (Leasuithe etc.) (Imeacht ón AE), 2019 (RA) a mhéid a bhaineann siad le próiseáil sonraí pearsanta agus príobháideachais; (iii) an Dlí go léir is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus príobháideachais.

Rialaitheoir Sonraí: is duine nó eagraíocht nádúrtha nó dlítheanach é nó í a chinneann cuspóirí agus modhanna chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Is é Uiscebhealaí Éireann an Rialaitheoir Sonraí i gcás conarthaí a dhámhann an comhlacht.

Próiseálaí Sonraí: is duine nó eagraíocht nádúrtha nó dlítheanach é nó í a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann Rialaitheora. Is é an Conraitheoir ar ar bhronn Uiscebhealaí Éireann conradh den sórt sin an Próiseálaí Sonraí atá ag gníomhú ar ár son.

Fo-phróiseálaí : aon tríú Páirtí a cheaptar chun Sonraí Pearsanta a phróiseáil thar ceann an Chonraitheora a bhaineann leis an Chomhaontú seo.

Oifigeach Cosanta Sonraí: na teagmhálaithe arna gceapadh ag an Rialaitheoir agus ag an Phróiseálaí araon atá freagrach as comhlíonadh éifeachtach na reachtaíochta um Chosaint Sonraí agus as comhairle agus treoir a sholáthar.

Sonraí pearsanta: is sonraí iad a bhaineann le duine beo inaitheanta i.e. an **"tÁbhar Sonraí".** Mar shampla, d'fhéadfadh go n-áireofaí orthu sin an méid a leanas a bhaineann le duine:-

- Ainm
- Seoladh
- Uimhir Ghutháin
- Dáta Breithe
- Sonraí Bainc
- Seoladh Ríomhphoist

Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta: Tagraíonn an RGCS do shonraí pearsanta íogaire amhail 'Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta'. Baineann sé sin le duine beo inaitheanta ach nochtar iontu aon cheann díobh seo a leanas:-

- Cine nó eitneachas
- Tuairimí polaitiúla
- Creideamh reiligiúnach nó a leithéid nó creidimh eile
- Sláinte fhisiciúil nó mheabhrach
- Claonadh gnéis
- Ballraíocht Ceardchumainn
- Bithmhéadracht (nuair a úsáidtear é chun críocha aitheantais)

Tabhair faoi deara: Baineann an RGCS le córais chomhdaithe uathoibrithe agus láimhe a choinníonn sonraí pearsanta agus íogaire, áit a bhfuil rochtain ar na sonraí sin de réir critéir shonracha.

Iarratas Duine ar a S(h)onraí: iarratas arna dhéanamh ag Ábhar Sonraí, nó thar a c(h)eann, de réir cearta a deonaíodh de bhun na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí chun rochtain a fháil ar a gcuid Sonraí Pearsanta.

Bearta Cosanta: bearta teicniúla agus eagrúcháin iomchuí a d'fhéadfadh a bheith san áireamh: ainm bréige a úsáid agus Sonraí Pearsanta a chriptiú, rúndacht, sláine, infhaighteacht agus acmhainneacht na gcóras agus na seirbhísí a chinntiú, a chinntiú gur féidir infhaighteacht agus rochtain ar Shonraí Pearsanta a athbhunú go tráthúil i ndiaidh teagmhais, agus éifeachtacht na mbeart sin arna nglacadh aige a mheas agus a mheasúnú go rialta.

Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí : measúnú ag an Rialaitheoir ar thionchar na próiseála beartaithe ar chosaint Sonraí Pearsanta.

Sárú i ndáil le Sonraí Pearsanta: sárú ar shlándáil as a dtiocfadh díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach.

Teagmhas Caillte Sonraí: aon teagmhas a mbeidh rochtain neamhúdaraithe ar Shonraí Pearsanta i seilbh an Chonraitheora faoin gComhaontú seo mar thoradh air, nó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air, agus/nó cailleadh agus/nó cailleadh iarbhír nó féideartha Sonraí Pearsanta de shárú ar an Chomhaontú seo, lena n-áirítear aon Sárú i ndáil le Sonraí Pearsanta.

1. COMHTHÉACS UM CHOSAINT SONRAÍ

1.1 Admhaíonn na Páirtithe gurb é an Cliant an Rialaitheoir chun críocha na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí agus gurb é an Conraitheoir an Próiseálaí. Tá an t-aon phróiseáil a bhfuil an Conraitheoir údaraithe a dhéanamh liostaithe anseo in Aguisín H, Sceideal 1B ag an Chliant agus ní fhéadfaidh an Conraitheoir é a chinneadh.

1.2 Cuirfidh an Conraitheoir an Cliant ar an eolas láithreach má mheasann sé gur sárú é aon cheann de threoracha an Chliaint ar an Reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

1.3 Cuirfidh an Conraitheoir gach cuidiú réasúnach ar fáil don Chliaint agus é nó í ag ullmhú aon Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí sula dtosóidh sé ar aon phróiseáil. Féadfaidh an cuidiú sin, de rogha an Chliaint, na nithe seo a leanas a áireamh:

(1.3.1) tuairisc chórasach ar na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe agus cuspóir na próiseála;

(1.3.2) measúnú ar riachtanas agus comhréireacht na n-oibríochtaí próiseála i ndáil leis na seirbhísí;

(1.3.3) measúnú ar na rioscaí do chearta agus do shaoirsí Ábhar Sonraí; agus

(1.3.4) na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí, lena n-áirítear cosaintí, bearta agus meicníochtaí slándála chun cosaint Sonraí Pearsanta a chinntiú.

1.4 Déanfaidh an Conraitheoir, i ndáil le haon Sonraí Pearsanta a phróiseáiltear an méid a leanas maidir lena oibleagáidí faoin Chomhaontú seo:

(1.4.1) na Sonraí Pearsanta sin a phróiseáil de réir **Sceideal 1B**, mura gceanglaítear ar an Chonraitheoir a mhalairt a dhéanamh de réir Dlí. Má éilítear amhlaidh tabharfaidh an Conraitheoir fógra láithreach don Chliant sula bpróiseálfar na Sonraí Pearsanta mura dtoirmisctear de réir Dlí é;

(1.4.2) a chinntiú go bhfuil Bearta Cosanta i bhfeidhm aige nó aici, a ndearna an Cliant athbhreithniú agus faomhadh orthu de réir mar is iomchuí chun cosaint a dhéanamh ar Theagmhas Caillte Sonraí i ndiaidh na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

(i) cineál na sonraí atá le cosaint;

(ii) díobháil a d'fhéadfadh éirí as Cailleadh Sonraí;

(iii) staid na forbartha teicneolaíochta; agus

(iv) costas a bhaineann le haon bhearta a chur chun feidhme;

(1.4.3) an méid a leanas a chinntiú:

(i) nach bpróiseálann Pearsanra an Chonraitheora Sonraí Pearsanta ach amháin de réir an Chomhaontaithe seo agus Sceideal 1B a ghabhann leis);

(ii) go nglacann sé nó sí gach céim réasúnach chun iontaofacht agus sláine aon Phearsanra Conraitheora a bhfuil rochtain acu ar na Sonraí Pearsanta a áirithiú agus a chinntiú go ndéanann siad an méid a leanas:

(a) go bhfuil siad ar an eolas faoi dhualgais an Chonraitheora faoin chlásal seo agus nó ndéanann siad iad a chomhlíonadh;

(b) go bhfuil siad faoi réir ghnóthais rúndachta iomchuí leis an Chonraitheoir nó le haon Fho-phróiseálaí;

(c) go bhfuil siad ar an eolas faoi nádúr rúnda na Sonraí Pearsanta agus ní fhoilsíonn, ní nochtann ná ní scileann siad aon cheann de na Sonraí Pearsanta d'aon tríú Páirtí mura n-ordaíonn an Cliant dóibh i scríbhinn déanamh amhlaidh nó má cheadaítear a mhalairt de réir an Chomhaontaithe seo; agus

(d) go bhfuil siad faoi oiliúint leordhóthanach maidir le húsáid, cúram agus cosaint agus láimhseáil Sonraí Pearsanta; agus

(1.4.4) nach n-aistríonn sé nó sí Sonraí Pearsanta lasmuigh den AE mura bhfuarthas toiliú i scríbhinn roimh ré ón Chliant agus ní foláir nó go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

(i) go bhfuil cosaintí iomchuí curtha ar fáil ag an Chliant nó ag an Chonraitheoir maidir leis an aistriú (cibé acu de réir Airteagal 46 RGCS) arna gcinneadh ag an Chliant;

(ii) go bhfuil cearta infheidhmithe agus leigheasanna éifeachtacha dlí ag an Ábhar Sonraí;

(iii) go gcomhlíonann an Conraitheoir a oibleagáidí faoin Reachtaíocht um Chosaint Sonraí trí leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar d'aon Sonraí Pearsanta a aistrítear (nó, mura bhfuil sé faoi cheangal den sórt sin, go ndéanann sé nó sí a d(h)ícheall cabhrú leis an Chliant a oibleagáidí a chomhlíonadh); agus

(iv) go gcomhlíonann an Conraitheoir aon treoracha réasúnacha a cuireadh in iúl dó ag an Chliant roimh ré maidir le próiseáil na Sonraí Pearsanta;

(1.4.5) ar threoir i scríbhinn ón Chliant, Sonraí Pearsanta (agus aon chóipeanna de) a scriosadh nó a sheoladh ar ais chuig an Chliant ar fhoirceannadh an Chomhaontaithe mura gceanglaítear le dlí ar an Chonraitheoir na Sonraí Pearsanta a choinneáil.

1.5 Faoi réir chlásal 1.6, tabharfaidh an Conraitheoir fógra don Chliant láithreach sna cásanna a leanas:

(1.5.1) má fhaigheann sé nó sí Iarratas Duine ar a S(h)onraí (nó Iarratas Duine ar a S(h)onraí airbheartaithe);

(1.5.2) má fhaigheann sé nó sí iarratas aon Sonraí Pearsanta a cheartú, a bhac nó a dhíothú;

(1.5.3) má fhaigheann sé nó sí aon iarratas, gearán nó cumarsáid eile a bhaineann le hoibleagáidí cheachtar Páirtí faoin Reachtaíocht um Chosaint Sonraí;

(1.5.4) má fhaigheann sé nó sí aon chumarsáid ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise sa RA, ón Choimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, nó ó údarás rialála eile i ndáil le Sonraí Pearsanta a phróiseáiltear faoin Chomhaontú sin;

(1.5.5) má fhaigheann sé nó sí iarratas ó aon tríú Páirtí go nochtfaí Sonraí Pearsanta i gcás ina gceanglaítear nó a airbheartaítear go gcomhlíontar an iarratas sin de réir an dlí;

nó

(1.5.6) má thagann sé nó sí ar an eolas faoi Theagmhas Caillte Sonraí

1.6 Áireofar ar oibleagáid an Chonraitheora fógra a thabhairt faoi chlásal 1.5 tuilleadh faisnéise a sholáthar don Chliant i gcéimeanna, de réir mar a bheidh sonraí ar fáil.

1.7 Agus cineál na próiseála á chur san áireamh, tabharfaidh an Conraitheoir cúnamh iomlán don Chliant maidir le hoibleagáidí cheachtar Páirtí faoin Reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus aon ghearán, cumarsáid nó iarratas a dhéanfar faoi chlásal 1.5 (agus a mhéid is féidir laistigh de na scálaí ama a éilítear go réasúnach ag an Chliant) lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a sholáthar go pras:

(1.7.1) sonraí iomlána a sholáthar don Chliant agus cóipeanna den ghearán, den chumarsáid nó den iarratas;

(1.7.2) cibé cúnamh a iarrann an Cliant le réasún d'fhonn a chumasú don Chliant Iarratas Duine ar a S(h)onraí a chomhlíonadh laistigh de na scálaí ama ábhartha atá leagtha amach sa Reachtaíocht um Chosaint Sonraí;

(1.7.3) aon Sonraí Pearsanta a sholáthar don Chliant, arna iarraidh sin dó nó di, atá aige nó aici i ndáil le hÁbhar Sonraí;

(i) cúnamh arna iarraidh sin ag an Chliant i ndiaidh aon Teagmhais maidir le Cailleadh Sonraí;

(ii) cúnamh arna iarraidh ag an Chliant maidir le haon iarratas ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise RA nó ón Choimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn nó maidir le haon chomhairliúchán ag an Chliant le hOifig an Choimisinéara Faisnéise RA nó leis an Choimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn.

1.8 **Coinneoidh an Conraitheoir taifid agus faisnéis iomlán agus chruinn lena thaispeáint go gcomhlíontar an clásal sin. Níl feidhm ag an cheanglas sin i gcás ina bhfostaíonn an Conraitheoir níos lú ná 250 ball foirne, mura rud é:**

(1.8.1) go gcinneann an Cliant nach próiseáil ócáideach í;

(1.8.2) go gcinneann an Cliant go bhfuil catagóirí speisialta sonraí ann dá dtagraítear in Airteagal 9 (1) den RGCS nó Sonraí Pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta dá dtagraítear in Airteagal 10 den RGCS; agus

(1.8.3) go gcinneann an Cliant gur dóigh go mbeidh riosca ann do chearta agus do shaoirsí Ábhar Sonraí mar thoradh ar an phróiseáil.

1.9 **Ceadóidh an Conraitheoir iniúchtaí ag a Chliant nó ag iniúchóir ainmnithe ag an Chliant ar a ghníomhaíocht Próiseála Sonraí.**

1.10 **Ainmneoidh an Conraitheoir Oifigeach Cosanta Sonraí más gá de réir na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí.**

1.11 Sula gceadóidh an Conraitheoir d'aon Fho-phróiseálaí aon Sonraí Pearsanta a bhaineann leis an Chomhaontú seo a phróiseáil, ní mór don Chonraitheoir an méid a leanas a dhéanamh:

(i) fógra a thabhairt don Chliant i scríbhinn faoin Fho-phróiseálaí agus faoin phróiseáil atá beartaithe;

(ii) toiliú i scríbhinn a fháil ón Chliant;

(iii) comhaontú i scríbhinn a dhéanamh leis an Fho-phróiseálaí a thugann éifeacht do na téarmaí atá leagtha amach sa chlásal seo [1.11] sa dóigh go bhfuil feidhm acu maidir leis an Fho-phróiseálaí; agus

(iv) cibé faisnéis a sholáthar don Chliant maidir leis an Fho-phróiseálaí a éileoidh an Cliant le réasún.

1.12 Beidh an Conraitheoir faoi dhliteanas iomlán as gach gníomh nó neamhghníomh a bhaineann le haon Fho-phróiseálaí.

1.13 Féadfaidh an Cliant, tráth ar bith ar fhógra 30 Lá Oibre ar a laghad, an clásal seo a athbhreithniú trí aon rialaitheoir is infheidhme a chur ina ionad chun clásail chaighdeánacha nó téarmaí comhchosúla a phróiseáil atá mar chuid de scéim deimhniúcháin is infheidhme (a bheidh i bhfeidhm nuair a ionchorpraítear iad trí iatán leis an Chomhaontú seo).

1.14 Aontaíonn na Páirtithe aon treoir a eisíonn Oifig an Choimisinéara Faisnéise sa RA nó an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, mar atá ábhartha do dhlínse an chonartha seo, a áireamh. Féadfaidh an Cliant fógra 30 Lá Oibre ar a laghad a thabhairt don Chonraitheoir chun an comhaontú seo a leasú d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann sé aon treoir a eisíonn Oifig an Choimisinéara Faisnéise RA nó an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn.

SCEIDEAL PRÓISEÁLA RGCS, SONRAÍ PEARSANTA AGUS ÁBHAIR SHONRAÍ

1. Comhlíonfaidh an Conraitheoir aon treoracha eile i scríbhinn maidir le próiseáil ag an Chliant.

2. Ionchorprófar aon treoracha breise den sórt sin i Sceideal 1B.

Cur síos	Sonraí
Ábhar na próiseála	*[Ba chóir gur cur síos gairid ardleibhéil é seo ar a bhfuil i gceist leis an phróiseáil i.e. an t-ábhar féin]*
Tréimhse na próiseála	*[Leag amach go soiléir tréimhse na próiseála lena n-áirítear dátaí]*
Cineál agus cuspóir na próiseála	*[Bí chomh sonrach agus is féidir, ach déan cinnte go gclúdaíonn tú na críocha uile atá beartaithe.* *Ciallaíonn cineál na próiseála: aon oibríocht amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó a chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó meascadh, srianadh, díothú nó scriosadh sonraí (cibé acu trí mhodhanna uathoibrithe nó eile) etc.* D'fhéadfadh go n-áireofaí ar an chuspóir: próiseáil fostaíochta, oibleagáid reachtúil, measúnú earcaíochta etc.]

Cineál na Sonraí Pearsanta	*[I measc na samplaí anseo tá: ainm, seoladh, dáta breithe, Uimhir Árachais Náisiúnta (RA) nó Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Éire), uimhir theileafóin, pá, íomhánna, sonraí bithmhéadracha etc.]*
Catagóirí an Ábhair Sonraí	*[I measc na samplaí tá: Ball Foirne (lena n-áirítear oibrithe deonacha, gníomhairí, agus oibrithe sealadacha), custaiméirí/cliaint, soláthraithe, othair, mic léinn / daltaí, baill den phobal, úsáideoirí suíomh gréasáin áirithe etc.]*
Pleanáil chun na sonraí a thabhairt ar ais agus a dhíothú a luaithe a bheidh an phróiseáil comhlíonta ACH AMHÁIN i gCÁS gur ceanglas é faoi dhlí an Aontais nó na mBallstát an cineál sin sonraí a chaomhnú	*[Déan cur síos ar cá fhad a choinneofar na sonraí, cén dóigh a dtabharfar ar ais iad nó a ndéanfar iad a scriosadh]*

Ainm ionadaí Uiscebhealaí Éireann: …….

Síniú ionadaí Uiscebhealaí Éireann: ……

Dáta ……..

Ainm ionadaí an Phróiseálaí: ……

Síniú ionadaí an Phróiseálaí: ……

Dáta ……..

UISCEBHEALAÍ ÉIREANN
PRO FORMA UM MEASÚNÚ TIONCHAIR AR CHOSAINT SONRAÍ

Cuirfidh comhlánú an pro forma seo ar do chumas do Phróiseas Measúnaithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) agus do thoradh a thaifeadadh de réir **alt 16 de Bheartas Cosanta Sonraí Uiscebhealaí Éireann**. Leanann sé an treoir atá leagtha amach ag oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF) RA agus ba chóir í a léamh taobh leis na treoirlínte Eorpacha maidir le MTCSanna a chuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ar fáil duit.

Ba cheart duit tosú ar an pro forma a chomhlíonadh ag tús aon mhórthionscadail lena mbaineann úsáid sonraí pearsanta, má tá athrú suntasach á dhéanamh agat ar phróiseas atá ann cheana, nó má tá sé ar intinn agat bailiú sonraí nó gníomhaíochtaí próiseála eile a dhéanamh mar a shainmhínítear in alt 16.1 den Bheartas um Chosaint Sonraí. Ba cheart na torthaí deiridh a chomhtháthú i do phlean tionscadail.

Ní mór don MTCS comhlánaithe a bheith faofa agus sínithe ag Stiúrthóir, Bainisteoir Réigiúnach nó a chomhionann agus é a chóipeáil chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí.

Céim 1: Sainaithin an gá atá le MTCS

Mínigh go ginearálta cad atá sé mar aidhm ag an tionscadal a bhaint amach agus cén cineál próiseála atá i gceist. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú agat tagairt do dhoiciméid eile nó nascadh le doiciméid eile, mar shampla togra tionscadail. Déan achoimre ar an chúis ar shainaithin tú an gá le MTCS.

Céim 2: Déan cur síos ar an phróiseáil

Déan cur síos ar chineál na próiseála: cén dóigh a mbaileoidh tú, a n-úsáidfidh tú, a stórálfaidh agus a scriosfaidh tú sonraí? Cad é foinse na sonraí? An mbeidh tú ag roinnt sonraí le duine ar bith? B'fhéidir gurbh fhiú duit tagairt a dhéanamh do shreabhléaráid nó do bhealach eile chun sreabhadh sonraí a thuairisciú. Cad iad na cineálacha próiseála atá i gceist a shainaithnítear mar riosca ard dóchúil?

Déan cur síos ar raon feidhme na próiseála: cad é cineál na sonraí, agus an bhfuil sonraí faoi chatagóir speisialta nó faoi chion coiriúil san áireamh ann? Cá mhéad sonraí a bheidh tú a bhailiú agus a úsáid? Cé chomh minic? Cá fhad a choinneoidh tú iad? Cá mhéad duine a dtéann sí i gcion orthu? Cén limistéar geografach a chuimsítear léi?

Déan cur síos ar chomhthéacs na próiseála: cén cineál caidrimh atá agat leis na daoine aonair? Cé mhéad smachta a bheidh acu? An mbeadh siad ag súil go n-úsáidfeá a gcuid sonraí ar an bhealach sin? An áirítear ann leanaí nó grúpaí leochaileacha eile? An bhfuil ábhair imní ann roimhe seo faoin chineál sin próiseála nó faoi fhabhtanna slándála? An scéal nua é seo ar bhealach ar bith? Cad é staid reatha na teicneolaíochta sa réimse sin? An bhfuil aon ábhair imní ag an phobal ina leith faoi láthair a ba cheart duit a chur san áireamh? An bhfuil tú cláraithe le haon chód iompair ceadaithe nó scéim dheimhniúcháin (a luaithe a bheidh siad faofa)?

Déan cur síos ar chuspóirí na próiseála: cad é a ba mhaith leat a bhaint amach? Cad é an éifeacht bheartaithe ar dhaoine aonair? Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an phróiseáil - duitse, agus ar bhonn níos leithne?

Céim 3: Próiseas comhairliúcháin

Smaoinigh cén dóigh a rachfar i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha: déan cur síos ar an am agus ar an dóigh a n-iarrfaidh tú tuairimí daoine aonair - nó tabhair údar cén fáth nach bhfuil sé oiriúnach déanamh amhlaidh. Cé eile a chaithfidh tú a thabhairt isteach le bheith rannpháirteach i d'eagraíocht? An gá duit a iarraidh ar do phróiseálaithe cúnamh a thabhairt? An bhfuil sé ar intinn agat dul i gcomhairle le saineolaithe slándála faisnéise, nó le haon saineolaithe eile?

Céim 4: Déan riachtanas agus comhréireacht a mheas

Déan cur síos ar bhearta comhlíonta agus comhréireachta, go háirithe: cén bunús dleathach atá agat le haghaidh próiseála? An mbaintear do chuspóir amach leis an phróiseáil i ndáiríre? An bhfuil bealach eile ann chun an toradh céanna a bhaint amach? Cén dóigh a gcoiscfidh tú leathnú feidhme? Cén dóigh a gcinnteoidh tú cáilíocht sonraí agus íoslaghdú sonraí? Cén fhaisnéis a thabharfaidh tú do dhaoine aonair? Cén dóigh a gcabhróidh tú chun tacú lena gcearta? Cad iad na bearta a ghlacann tú chun comhlíonadh próiseálaithe a chinntiú? Cén dóigh a gcosnaíonn tú aon aistrithe idirnáisiúnta?

Céim 5: Rioscaí a aithint agus a mheas

Déan cur síos ar fhoinse an riosca agus ar nádúr an tionchair fhéideartha ar dhaoine aonair. Cuir comhlíonadh gaolmhar agus rioscaí corparáideacha san áireamh de réir mar is gá.	**Dóchúlacht díobhála**	**Déine na díobhála**	**Riosca foriomlán**
	Ní dócha, díobháil fhéideartha, is dócha	Fíorbheagán, suntasach nó an-dian	Íseal, meánach nó ard

Céim 6: Sainaithin bearta chun an riosca a laghdú

Sainaithin bearta breise a d'fhéadfá a ghlacadh chun rioscaí a shainaithnítear mar riosca meánach nó ardriosca i gcéim 5 a laghdú nó a dhíchur				
Riosca	**Roghanna chun riosca a laghdú nó a dhíchur**	**Éifeacht ar riosca**	**Riosca iarmharach**	**Beart ceadaithe**
		Díothaithe, Laghdaithe, Glactha	Íseal, Meánach, Ard	Tá/Níl

Céim 7: Do shéala a chur leis agus taifead ar na torthaí

Mír	**Ainm/dáta**	**Nótaí**
Bearta arna gceadú ag:		Gníomhartha le comhtháthú ar ais sa phlean tionscadail, le dáta agus freagracht as a chur i gcrích
Rioscaí iarmharacha arna gceadú ag:		Má ghlactar le haon ardriosca iarmharach, téigh i gcomhairle le hOifig an Choimisinéara Faisnéise sula leantar ar aghaidh
Comhairle an Oifigigh Cosanta Sonraí curtha ar fáil:		Ba cheart don Oifigeach Cosanta Sonraí comhairle a thabhairt maidir le comhlíonadh, bearta chéim 6 agus más amhlaidh gur féidir dul ar aghaidh leis an phróiseáil
Achoimre ar chomhairle an Oifigigh Cosanta Sonraí:		
Comhairle an Oifigigh Cosanta Sonraí arna glacadh nó á sárú ag:		Má dhéantar sárú uirthi, ní mór duit na cúiseanna a mhíniú
Tráchtanna:		
Freagraí comhairliúcháin arna n-athbhreithniú ag:		Má tá do chinneadh éagsúil ó thuairimí daoine aonair, ní mór duit do chuid chúiseanna a mhíniú

Tráchtanna:		
Coinneofar an MTCS seo faoi athbhreithniú ag:		Ba cheart don Oifigeach Cosanta Sonraí athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach MTCA